**Parlaimint na hEorpa**
2019-2024

*an Coiste um an Margadh Inmheánach agus um Chosaint an Tomhaltóra*

**2023/0133(COD)**

5.12.2023

# TUAIRIM

ón gCoiste um an Margadh Inmheánach agus um Chosaint an Tomhaltóra

chuig an gCoiste um Ghnóthaí Dlíthiúla

ar an togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le paitinní caighdeánacha fíor-riachtanacha agus lena leasaítear Rialachán (AE)2017/1001
(COM(2023)0232 – C9-0147/2023 – 2023/0133(COD))

Rapóirtéir don tuairim: Dita Charanzová

PA_Legam

## RÉASÚNÚ GEARR

Tacaíonn IMCO go hiomlán le cuspóir an dréacht-togra, is é sin ceadúnú paitinní fíor-riachtanacha caighdeánacha (BPCanna) a fheabhsú. Tá feabhsú den sórt sin ag teacht leis na spriocanna Eorpacha atá againn an nuálaíocht a chothú, an t-aistriú digiteach a fheabhsú, agus a áirithiú go bhfuil an Eoraip ar thús cadhnaíochta i dteicneolaíochtaí nua, agus ar an gcaoi sin rannpháirtíocht dheonach gnólachtaí Eorpacha sa phróiseas Eorpach um chaighdeánú a spreagadh agus an cur chun feidhme is leithne is féidir a áirithiú i dtaca le teicneolaíochtaí caighdeánaithe.

Tá ról lárnach ag SEPanna sna cuspóirí ginearálta go ndéanfaí margadh aonair gan uaim a bhaint amach agus go ndéanfaí iomaíochas domhanda na hEorpa a áirithiú. Tá an ról lárnach atá acu i gcur chun cinn na nuálaíochta teicneolaíche ag teacht leis an mbéim a chuirtear ar théarnamh socheacnamaíoch agus é ina spreagadh do ghnólachtaí infheistíocht a dhéanamh i dtaighde agus forbairt teicneolaíochtaí nua, rud a théann chun tairbhe don gheilleagar ina iomláine. Ag an am céanna, ba cheart dúinn a áirithiú nach bhfágfar FBManna, atá ríthábhachtach don Mhargadh Aonair, ar gcúl sa rás teicneolaíoch, go bhfanfaidh rochtain ar na teicneolaíochtaí sin cothrom, agus nach mbainfidh sealbhóirí paitinne mí-úsáid as an gcumhacht atá acu bac a chur ar iomaíocht.

I bhfianaise an chomhthéacs níos leithne sin, lena léirítear a thábhachtaí atá sé an teicneolaíocht, an nuálaíocht agus an iomaíocht chóir a chomhtháthú laistigh de thírdhreach na teicneolaíochta Eorpaí, is léir go bhfuil paitinní caighdeánacha fíor-riachtanacha (BPCanna) ríthábhachtach chun na spriocanna sin a bhaint amach. I bhfianaise na n-uaillmhianta sin, is cinnte gurb inmholta cuspóir uileghabhálach an togra, is é sin é ceadúnú BPCanna a chuíchóiriú agus a fheabhsú. Tá sé ag teacht leis an mórfhís go ndéanfaí Aontas Eorpach atá níos comhtháite, níos nuálaí agus níos iomaíche a chothú. Mar sin féin, cé go bhfuil an intinn a ghabhann leis ag dul sa treo ceart, ní mór scrúdú níos dlúithe a dhéanamh ar réimsí sonracha laistigh den togra.

Ar an gcéad dul síos, ba cheart do raon feidhme an Rialacháin gach BPC, mar atá faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo, a chuimsiú. Gan an chuimsitheacht sin, ní bhainfear amach go hiomlán na tairbhí a bhaineann le trédhearcacht agus le dlíthíocht laghdaithe. Leanfaidh siad de bheith faoi réir na saincheisteanna a bhféachtar le haghaidh a thabhairt orthu leis an rialachán seo, lena n-áirítear dlíthíocht fhadtréimhseach maidir leis na luachanna iomchuí FRAND i gcomhair na BPCanna sin. Is den ríthábhacht é, dá bhrí sin, raon feidhme an chur i bhfeidhm a leathnú chuig gach BPC.

Ba cheart cead a thabhairt na BPCanna atá ann cheana a chlárú chun a áirithiú go mbeidh teicneolaíochtaí oidhreachta inrochtana agus iomaíoch i gcónaí. Ba cheart don chomhaontú reatha a bheith infhorfheidhmithe fós fiú mura bhfuil BPC atá ann cheana cláraithe. Ní cheart feidhm a bheith ag na rialacha gaolmhara go léir ach amháin nuair a chuirtear isteach chuig an gclár é. Dá bhrí sin, ba cheart Airteagal 24 den togra a athbhreithniú chun deireadh a chur leis na pionóis a bhaineann le neamhchlárú na BPCanna sin.

Ina theannta sin, ba cheart do shealbhóirí BPC agus d'fheidhmeoirí BPC araon a bheith in ann seiceálacha agus cinntiúcháin a iarraidh, agus ba cheart dóibh a bheith in ann é sin a dhéanamh le tairseach níos ísle, go háirithe i gcás lucht cur chun feidhme ar FBManna iad.

Agus ár dtiomantas don trédhearcacht agus don chuimsitheacht á gcoinneáil againn, ní mór don bhunachar sonraí faisnéise BPC a bheith inrochtana do chách.  Cé go bhfuil sé intuigthe táillí a fhorchur ar sheiceálacha speisialaithe- amhail tréith fhíor-riachtanach paitinne nó luach FRAND paitinne a chinneadh—ba cheart gur ar an EUIPO a thitfeadh na costais uileghabhálacha a bhaineann le cothabháil an bhunachair sonraí. Cinntíonn sé sin gur féidir le grúpa ilchineálach, a bhfuil idir thaighdeoirí agus an pobal i gcoitinne ann, rochtain a fháil ar an bhfaisnéis gan an t-ualach airgeadais a sheasamh. Mar sin féin, i gcás cineál áirithe faisnéise sa bhunachar sonraí, amhail faisnéis neamhrúnda maidir le cinntí FRAND, tuairimí saineolacha dá dtagraítear in Airteagal 18 nó tuarascálacha neamhrúnda na gcomhréiteoirí, d'fhéadfadh rochtain uirthi a bheith faoi réir táille a íoc i gcás ina bhfuil údar cuí leis.

Ar deireadh, leis an dréacht-tuairim tugtar isteach ceartúcháin theicniúla agus soiléirithe ar an togra. Chomh maith leis an téarmaíocht a cheartú, is éard atá i gceist leis sin soiléiriú a dhéanamh, maidir leis na sásraí chun luach agus tréith fhíor-riachtanach FRAND atá ag SEP a chinneadh, go bhfuil na sásraí sin ar leithligh ón bpróiseas caighdeánúcháin féin.

## LEASUITHE

Iarrann an Coiste um an Margadh Inmheánach agus um Chosaint an Tomhaltóra ar an gCoiste um Ghnóthaí Dlíthiúla, mar an coiste atá freagrach, na moltaí seo a leanas a chur san áireamh:

**Leasú 1**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (3) Is paitinní iad BPCanna lena gcosnaítear teicneolaíocht atá ionchorpraithe i gcaighdeán. Tá BPCanna 'fíor-riachtanach' sa mhéid agus go gceanglaítear le cur chun feidhme an chaighdeáin úsáid a bhaint as na haireagáin atá cumhdaithe ag BPCanna. Braitheann an rath atá ar chaighdeán ar chur chun feidhme leathan an chaighdeáin sin agus dá réir sin ba cheart cead a thabhairt do gach geallsealbhóir úsáid a bhaint as caighdeán. Chun cur chun feidhme leathan agus inrochtaineacht na gcaighdeán a áirithiú, éilíonn eagraíochtaí forbartha caighdeán ar shealbhóirí BPC a ghlacann páirt i bhforbairt caighdeán gealltanas a thabhairt go ndéanfaidh siad na paitinní sin a cheadúnú ar théarmaí agus coinníollacha FRAND chun cur chun feidhme a dhéanamh a roghnaigh an caighdeán a úsáid. Is gealltanas conarthach deonach é gealltanas FRAND arna thabhairt ag sealbhóir BPC chun leasa tríú páirtithe, agus ba cheart do shealbhóirí BPC ina dhiaidh sin é a urramú amhlaidh freisin. Ba cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo maidir le paitinní atá fíor- riachtanach do chaighdeán atá foilsithe ag eagraíocht forbartha caighdeáin, a bhfuil gealltanas tugtha ag sealbhóir BPC di a BPCanna a cheadúnú ina leith ar théarmaí agus coinníollacha córa, réasúnta agus neamh-idirdhealaitheacha (FRAND) agus nach bhfuil faoi réir beartais maoine intleachtúla atá saor ó ríchíosanna, tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo. | (3) Is paitinní iad SEPanna lena gcosnaítear aon teicneolaíocht a bhfuil baint aici le húsáid a bhaint as caighdeán. Tá SEPanna 'fíor-riachtanach' sa mhéid is go dtuairiscítear gur gá na haireagáin a chumhdaítear le BPCanna a úsáid chun an caighdeán a chur chun feidhme. Braitheann an rath atá ar chaighdeán ar chur chun feidhme leathan an chaighdeáin sin agus dá réir sin ba cheart cead a thabhairt do gach geallsealbhóir úsáid a bhaint as caighdeán. Chun cur chun feidhme agus inrochtaineacht leathan caighdeán a áirithiú, níor cheart d'eagraíochtaí forbartha caighdeáin dul ar aghaidh le forbairt chaighdeán a fhoilsiú ach amháin i gcás ina ngeallann na sealbhóirí paitinne sainaitheanta na paitinní sin a cheadúnú ar théarmaí agus ar choinníollacha FRAND d'fheidhmeoirí a roghnaigh an caighdeán a úsáid. Is gealltanas conarthach deonach é gealltanas FRAND arna thabhairt ag sealbhóir BPC chun leasa tríú páirtithe, agus ba cheart do shealbhóirí BPC ina dhiaidh sin é a urramú amhlaidh freisin. ***Níor cheart, dá bhrí sin, go scoirfeadh an gealltanas FRAND d'fheidhm a bheith aige i gcás athrú ar úinéireacht BPCanna ionas go mbeidh feidhm fós ag an Rialachán BPC maidir le paitinní a ndearnadh na téarmaí FRAND ina leith roimhe sin, fiú mura ndearna an sealbhóir SEP reatha an gealltanas.*** Ba cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo maidir le paitinní atá i bhfeidhm i mBallstát amháin nó níos mó agus ar |

dearbhaíodh iad a bheith fíor-riachtanach do chaighdeán atá foilsithe ag eagraíocht forbartha caighdeáin, ar thug sealbhóir BPC nó iarshealbhóir BPCanna atá i gceist gealltanas ina leith a BPCanna a cheadúnú ar théarmaí agus coinníollacha FRAND agus nach bhfuil faoi réir beartas maoine intleachtúla saor ó ríchíosanna.

**Leasú 2**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| *(4)* ***Tá caidrimh thráchtála agus cleachtais ceadúnúcháin sheanbhunaithe ann le haghaidh cásanna áirithe úsáide caighdeán, amhail na caighdeáin le haghaidh cumarsáide gan sreang, le hatriallta thar na glúnta éagsúla as a dtagann spleáchas frithpháirteach nach beag agus luach suntasach a fhabhraíonn go feiceálach do shealbhóirí BPC agus d'fheidhmeoirí araon. Tá cásanna eile ann a bhaineann le húsáid níos nuaí de ghnáth – de na caighdeáin chéanna nó fothacair díobh uaireanta – le margaí nach bhfuil chomh haibí céanna, le pobail níos idirleata agus le pobail nach bhfuil chomh comhdhlúite céanna, ar pobail iad ina bhfuil neamh-intuarthacht ríchíosa agus coinníollacha ceadúnúcháin eile agus an t-ionchas go ndéanfar measúnuithe agus luachálacha paitinne casta agus dlíthíocht ghaolmhar á meas níos mó ar na dreasachtaí chun teicneolaíochtaí caighdeánaithe a úsáid i dtáirgí nuálacha. Dá bhrí sin, chun freagairt chomhréireach atá spriocdhírithe go maith a áirithiú, níor cheart nósanna imeachta áirithe faoin Rialachán seo, mar atá an cinneadh maidir le ríchíosanna comhiomlána agus cinneadh éigeantach FRAND roimh dhlíthíocht, a chur i bhfeidhm maidir le cásanna úsáide sainaitheanta de chaighdeáin áirithe nó codanna díobh a*** | ***scriosta*** |

***bhfuil fianaise leordhóthanach ann ina leith nach n-eascraíonn deacrachtaí nach beag ná neamhéifeachtúlachtaí as caibidlíocht cheadúnúcháin BPC ar théarmaí FRAND.***

**Leasú 3**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 5**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (5) Cé gur cheart go spreagfadh trédhearcacht i gceadúnú BPC timpeallacht chothromaithe infheistíochta, feadh shlabhraí luacha iomlána an Mhargaidh Aonair, go háirithe maidir le cásanna úsáide teicneolaíochta atá ag teacht chun cinn agus atá mar bhonn agus mar thaca ag cuspóirí an Aontais maidir le fás glas, digiteach agus athléimneach, ba cheart feidhm a bheith ag an Rialachán freisin maidir le caighdeáin nó codanna díobh, arna bhfoilsiú roimh a theacht i bhfeidhm i gcás ina ndéanann neamhéifeachtúlachtaí i gceadúnú na SEPanna ábhartha saobhadh tromchúiseach ar fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh. Tá sé sin ábhartha go háirithe i gcás teipeanna margaidh a chuireann bac ar infheistíocht sa Mhargadh Aonair, ar rolladh amach teicneolaíochtaí nuálacha nó ar fhorbairt teicneolaíochtaí nuaghinte agus cásanna úsáide atá ag teacht chun cinn. Dá bhrí sin, agus na critéir sin á gcur san áireamh, ba cheart don Choimisiún na caighdeáin nó na codanna díobh a foilsíodh roimh theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo agus na cásanna úsáide ábhartha, ar féidir SEPanna a chlárú ina leith, a chinneadh trí ghníomh tarmligthe. | (5) Cé gur cheart go spreagfadh trédhearcacht i gceadúnú BPCanna timpeallacht infheistíochta chothrom, feadh shlabhraí luacha iomlána an Mhargaidh Aonair, go háirithe maidir le teicneolaíocht atá ag teacht chun cinn atá mar bhonn taca faoi chuspóirí an Aontais maidir le fás glas, digiteach agus athléimneach, ba cheart feidhm a bheith ag an Rialachán freisin maidir le caighdeáin nó codanna de chaighdeáin a foilsíodh roimh a theacht i bhfeidhm más rud é go dtugann aon feidhmeoir agus aon sealbhóir BPC a dearbhaíodh a bheith fíor-riachtanach do chaighdeán a foilsíodh roimh theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo, fógra don lárionad inniúlachta. D'fhéadfadh sé go mbeadh tábhacht ar leith ag baint leis na caighdeáin sin a áireamh, amhail iad siúd a bhaineann leis an Éabhlóid Fhadtéarmach (LTE), maidir le teicneolaíochtaí nua a leathadh amach, lena n-áirítear Idirlíon na Rudaí Nithiúla (IoT), agus cuideoidh sé sin le saobhadh ar fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh a sheachaint. Tá sé sin ábhartha go háirithe chun críocha trédhearcachta agus an gá atá le laghdú a dhéanamh ar an riosca go gcuirfeadh teipeanna margaidh bac ar infheistíocht sa Mhargadh Aonair, ar leathadh amach teicneolaíochtaí nuálacha nó ar fhorbairt teicneolaíochtaí. ***Dá bhrí sin, tá na heisceachtaí ar chearta eisiacha shealbhóirí BPCanna comhsheasmhach le cuspóirí Chomhaontú EDT maidir le Gnéithe de Chearta Maoine Intleachtúla*** |

***a bhaineann le Trádáil (TRIPanna) chun nuálaíocht theicneolaíoch agus scaipeadh teicneolaíochta a chur chun cinn chun tairbhe fhrithpháirteach shealbhóir BPC agus úsáideoir na teicneolaíochta. Bheadh sé comhsheasmhach freisin lena phrionsabail maidir le mí-úsáid ceart maoine intleachtúla a chosc agus maidir le bearta a ghlacadh ar chúiseanna a bhaineann le leas an phobail. Go háirithe, foráiltear le hAirteagal 30 de TRIPS go bhfuil údar le heisceacht ar na cearta eisiacha a thugtar le paitinn má chomhlíonann sé trí choinníoll:*** ní mór í a bheith "teoranta", níor cheart go mbeadh sé "ar neamhréir go míréasúnach le gnáthshaothrú na paitinne", agus níor cheart go ndéanfadh sé "dochar míréasúnach do leasanna dlisteanacha úinéir na paitinne, agus leasanna dlisteanacha tríú páirtithe á gcur san áireamh". Mar sin féin, níor cheart go mbeadh tionchar ag cuimsiú na gcaighdeán atá ann cheana ar cheadúnais atá i bhfeidhm cheana féin.

**Leasú 4**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 7**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (7) Áirítear le ceadúnú ar théarmaí agus coinníollacha FRAND ceadúnú saor ó ríchíosanna. Ós rud é go dtagann formhór na saincheisteanna chun cinn maidir le beartais cheadúnúcháin lena ngabhann ríchíosanna, níl feidhm ag an Rialachán seo maidir le ceadúnú saor ó ríchíosanna. | (7) Áirítear le ceadúnú ar théarmaí agus coinníollacha FRAND ceadúnú saor ó ríchíosanna***, toisc go bhfuil siad ríthábhachtach i bhforbairt na sochaí digití***. Ós rud é go dtagann formhór na saincheisteanna chun cinn maidir le beartais cheadúnúcháin lena ngabhann ríchíosanna, níl feidhm ag an Rialachán seo maidir le ceadúnú saor ó ríchíosanna. |

**Leasú 5**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 8**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (8) I bhfianaise chineál domhanda cheadúnú BPC, féadfaidh tagairtí do chinneadh maidir le ríchíosanna comhiomlána agus FRAND tagairt a dhéanamh do ríchíosanna comhiomlána domhanda agus do chinntí domhanda FRAND, nó de réir mar a chomhaontaíonn na páirtithe leasmhara a bhfuil fógra á thabhairt acu nó na páirtithe sna himeachtaí. | (8) I bhfianaise chineál domhanda cheadúnú BPC, féadfaidh tagairtí do chinneadh maidir le ríchíosanna comhiomlána agus FRAND tagairt a dhéanamh do ríchíosanna comhiomlána domhanda agus do chinntí domhanda FRAND, nó de réir mar a chomhaontaíonn na páirtithe, idir sealbhóir BPC agus feidhmeoir. Agus tagairt á déanamh do ríchíosanna comhiomlána agus do chinneadh FRAND, is gá na himthosca trádála a chur san áireamh. |

**Leasú 6**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 13**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (13) Ba cheart don lárionad inniúlachta tabhall leictreonach agus bunachar sonraí leictreonach a bhunú agus a riar ina mbeadh faisnéis mhionsonraithe faoi BPCanna atá i bhfeidhm i mBallstát amháin nó níos mó, lena n-áirítear torthaí seiceálacha ar an tréith fhíor-riachtanach, tuairimí, tuarascálacha, cásdlí atá ar fáil ó dhlínsí ar fud an domhain, rialacha a bhaineann le BPCanna i dtríú tíortha, agus torthaí staidéar a bhaineann go sonrach le BPCanna. Chun feasacht a mhéadú agus ceadúnú BPC a éascú do FBManna, ba cheart don lárionad inniúlachta cúnamh a thairiscint do FBManna. Ba cheart gníomhaíochtaí lena bhfeabhsaítear an córas agus na próisis ar bhonn leanúnach, lena n-áirítear trí theicneolaíochtaí nua a úsáid, a bheith san áireamh nuair a bheidh córas le haghaidh seiceálacha ar an tréith fhíor-riachtanach agus próiseas um chinntiúchán ríchíosanna comhiomlána agus um chinntiúchán FRAND á mbunú agus á riar ag an lárionad inniúlachta. I gcomhréir leis an gcuspóir sin, ba cheart don lárionad inniúlachta nósanna imeachta | (13) Ba cheart don lárionad inniúlachta tabhall leictreonach agus bunachar sonraí leictreonach a bhunú agus a riar ina mbeadh faisnéis mhionsonraithe faoi BPCanna atá i bhfeidhm i mBallstát amháin nó níos mó, lena n-áirítear torthaí seiceálacha ar an tréith fhíor-riachtanach, tuairimí, tuarascálacha, cásdlí atá ar fáil ó dhlínsí ar fud an domhain, rialacha a bhaineann le BPCanna i dtríú tíortha, agus torthaí staidéar a bhaineann go sonrach le BPCanna. Chun feasacht a ardú agus ceadúnú BPCanna a éascú do FBManna, agus do mhicrifhiontair agus do ghnólachtaí nuathionscanta, ba cheart don ionad inniúlachta cúnamh ar leith a thairiscint dóibh. Ba cheart gníomhaíochtaí lena bhfeabhsaítear an córas agus na próisis ar bhonn leanúnach, lena n-áirítear trí theicneolaíochtaí nua a úsáid, a bheith san áireamh nuair a bheidh córas le haghaidh seiceálacha ar an tréith fhíor-riachtanach agus próiseas um chinntiúchán ríchíosanna comhiomlána agus um chinntiúchán FRAND á mbunú agus á riar ag an lárionad inniúlachta. I |

| | |
|---|---|
| oiliúna a bhunú do mheastóirí na tréithe fhíor-riachtanaí agus do chomhréiteoirí chun tuairimí a sholáthar maidir le ríchíosanna comhiomlána agus maidir le cinneadh FRAND agus ba cheart dó comhsheasmhacht ina gcleachtais a spreagadh. | gcomhréir leis an gcuspóir sin, ba cheart don lárionad inniúlachta nósanna imeachta oiliúna a bhunú do mheastóirí na tréithe fhíor-riachtanaí agus do chomhréiteoirí chun tuairimí a sholáthar maidir le ríchíosanna comhiomlána agus maidir le cinneadh FRAND agus ba cheart dó comhsheasmhacht ina gcleachtais a spreagadh. |

**Leasú 7**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 15**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (15) Tá sé tábhachtach go mbeadh fios faoin ríchíos iomlán a d'fhéadfadh a bheith ann le | (15) Tá sé tábhachtach go mbeadh fios faoin ríchíos iomlán a d'fhéadfadh a bheith ann le |
| haghaidh gach BPC a chlúdaíonn caighdeán (ríchíos comhiomlán) arb infheidhme é | haghaidh gach BPC a chlúdaíonn caighdeán (ríchíos comhiomlán) arb infheidhme é |
| maidir le cuir chun feidhme an chaighdeáin sin chun measúnú a dhéanamh ar mhéid an | maidir le cuir chun feidhme an chaighdeáin sin chun measúnú a dhéanamh ar mhéid an |
| ríchíosa do tháirge, rud a bhfuil ról suntasach aige i gcinntí costais an mhonaróra. Cuidíonn sé freisin le ***sealbhóir*** BPC an toradh ionchais ar infheistíocht a phleanáil. D'éascódh foilsiú an ríchíosa chomhiomláin lena bhfuil coinne agus na téarmaí agus coinníollacha ceadúnúcháin caighdeánacha le haghaidh caighdeán ar leith ceadúnú BPC agus laghdódh sé na costais a bhaineann le ceadúnú BPC. Mar sin, is gá an fhaisnéis ar rátaí ríchíosa iomlána (ríchíos comhiomlán) agus téarmaí agus coinníollacha ceadúnúcháin caighdeánacha FRAND a phoibliú. | ríchíosa do tháirge, rud a bhfuil ról suntasach aige i gcinntí costais an mhonaróra. Cuidíonn sé freisin le sealbhóirí BPC an toradh a bhfuiltear ag súil leis ar infheistíocht a phleanáil agus le feidhmeoirí BPCanna chun meastachán a dhéanamh ar an gcostas a bhaineann le comhtháthú caighdeánach ina dtáirgí. D'éascódh foilsiú an ríchíosa chomhiomláin lena bhfuil coinne agus na téarmaí agus coinníollacha ceadúnúcháin caighdeánacha le haghaidh caighdeán ar leith ceadúnú BPC agus laghdódh sé na costais a bhaineann le ceadúnú BPC. Mar sin, is gá an fhaisnéis ar rátaí ríchíosa iomlána (ríchíos comhiomlán) agus téarmaí agus coinníollacha ceadúnúcháin caighdeánacha FRAND a phoibliú. |

**Leasú 8**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 16**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (16) Ba cheart an deis a bheith ag sealbhóirí BPC an lárionad inniúlachta a chur ar an eolas ar dtús maidir le foilsiú an chaighdeáin nó an ríchíosa chomhiomláin atá comhaontaithe acu eatarthu féin. Ach amháin i gcás na gcásanna úsáide caighdeán sin dá suíonn an Coimisiún go bhfuil cleachtais ceadúnúcháin sheanbhunaithe agus a fheidhmíonn go maith ar an iomlán ag na BPCanna, féadfaidh an lárionad inniúlachta cabhrú leis na páirtithe chun an ríchíos comhiomlán ábhartha a chinneadh. Sa chomhthéacs sin, mura bhfuil comhaontú ann maidir le ríchíos comhiomlán i measc sealbhóirí BPC, féadfaidh sealbhóirí áirithe BPC a iarraidh ar an lárionad inniúlachta comhréiteoir a cheapadh chun cabhrú le sealbhóirí BPC atá toilteanach páirt a ghlacadh sa phróiseas um ríchíos comhiomlán a chinneadh do na BPCanna lena gcumhdaítear an caighdeán ábhartha. Sa chás seo, is é ról an chomhréiteora cinnteoireacht na sealbhóirí BPC rannpháirteacha a éascú gan aon mholadh a dhéanamh maidir le ríchíos comhiomlán. Ar deireadh, tá sé tábhachtach a áirithiú go bhfuil tríú páirtí neamhspleách ann, saineolaí, a d’fhéadfadh ríchíos comhiomlán a mholadh. Dá bhrí sin, ba cheart do shealbhóirí agus/nó d’fheidhmeoirí BPC a bheith in ann tuairim shaineolach a iarraidh ar an lárionad inniúlachta maidir le ríchíos comhiomlán. Nuair a dhéantar iarraidh den sórt sin, ba cheart don lárionad inniúlachta painéal comhréiteoirí a cheapadh agus próiseas ina dtugtar cuireadh do na geallsealbhóirí leasmhara uile páirt a ghlacadh ann a riar. Tar éis dó faisnéis a fháil ó na rannpháirtithe uile, ba cheart don phainéal tuairim shaineolach neamhcheangailteach a chur ar fáil maidir le ríchíos comhiomlán. | (16) Ba cheart an deis a bheith ag sealbhóirí BPC an t-ionad inniúlachta a chur ar an eolas ar dtús maidir le foilsiú an chaighdeáin a n-éilíonn siad fíor-riachtanas ina leith, nó maidir leis an ríchíos comhiomlán a chomhaontaigh siad eatarthu féin lasmuigh den phróiseas forbartha caighdeán. Féadfaidh an lárionad inniúlachta cabhrú leis na páirtithe chun an ríchíos comhiomlán ábhartha a chinneadh. Sa chomhthéacs sin, mura bhfuil comhaontú ann maidir le ríchíos comhiomlán i measc sealbhóirí BPC, féadfaidh sealbhóirí áirithe BPC a iarraidh ar an lárionad inniúlachta comhréiteoir a cheapadh chun cabhrú le sealbhóirí BPC atá toilteanach páirt a ghlacadh sa phróiseas um ríchíos comhiomlán a chinneadh do na BPCanna lena gcumhdaítear an caighdeán ábhartha. Sa chás seo, is é ról an chomhréiteora cinnteoireacht na sealbhóirí BPC rannpháirteacha a éascú gan aon mholadh a dhéanamh maidir le ríchíos comhiomlán. Ar deireadh, tá sé tábhachtach a áirithiú go bhfuil tríú páirtí neamhspleách ann, saineolaí, a d’fhéadfadh ríchíos comhiomlán a mholadh. Dá bhrí sin, ba cheart go mbeadh sealbhóirí agus feidhmeoirí BPC araon in ann tuairim shaineolach a iarraidh ar an lárionad inniúlachta maidir le ríchíos comhiomlán. Nuair a dhéantar iarraidh den sórt sin, ba cheart don lárionad inniúlachta painéal comhréiteoirí a cheapadh agus próiseas ina dtugtar cuireadh do na geallsealbhóirí leasmhara uile páirt a ghlacadh ann a riar. Tar éis dó faisnéis a fháil ó na rannpháirtithe uile, ba cheart don phainéal tuairim shaineolach neamhcheangailteach a chur ar fáil maidir le ríchíos comhiomlán. Ba cheart anailís neamhrúnda ar thionchar ionchasach an ríchíosa chomhiomláin ar |

Ba cheart anailís neamhrúnda ar thionchar ionchasach an ríchíosa chomhiomláin ar shealbhóirí BPC agus ar na geallsealbhóirí sa slabhra luacha a bheith sa tuairim shaineolach maidir leis an ríchíos comhiomlán. Bheadh sé tábhachtach i ndáil leis sin tosca a mheas amhail éifeachtúlacht an cheadúnúcháin BPC, lena n-áirítear léargais ó aon ghnáthrialacha nó cleachtais maidir le maoin intleachtúil a cheadúnú sa slabhra luacha agus maidir le trascheadúnú, agus tionchar ar dhreasachtaí chun sealbhóirí BPC agus geallsealbhóirí éagsúla sa slabhra luacha a nuáil.

shealbhóirí SEP agus ar na geallsealbhóirí sa slabhra luacha a bheith sa tuairim shaineolach maidir leis an ríchíos comhiomlán. Bheadh sé tábhachtach i ndáil leis sin tosca a mheas amhail éifeachtúlacht an cheadúnúcháin BPC, lena n-áirítear léargais ó aon ghnáthrialacha nó cleachtais maidir le maoin intleachtúil a cheadúnú sa slabhra luacha agus maidir le trascheadúnú, agus tionchar ar dhreasachtaí chun sealbhóirí BPC agus geallsealbhóirí éagsúla sa slabhra luacha a nuáil.

**Leasú 9**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 18**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (18) A luaithe a fhógraítear caighdeán nó a shonraítear ríchíos comhiomlán, cibé acu a dhéanfar ar dtús, osclóidh an lárionad inniúlachta clárú na BPCanna ag sealbhóirí BPCanna atá i bhfeidhm i mBallstát amháin nó níos mó. | (18) A luaithe a fhógraítear caighdeán, osclóidh an lárionad inniúlachta clárú na BPCanna ag sealbhóirí BPCanna atá i bhfeidhm i mBallstát amháin nó níos mó. |

**Leasú 10**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 20**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (20) Féadfaidh sealbhóirí BPC clárú tar éis na teorann ama a shonraítear. Sa chás sin, áfach, níor cheart do shealbhóirí BPC a bheith in ann ríchíosanna a bhailiú agus ***damáistí*** a éileamh maidir leis an tréimhse moille. | (20) Féadfaidh sealbhóirí BPC clárú tar éis na teorann ama a shonraítear. Sa chás sin, áfach, níor cheart go mbeadh sealbhóirí BPCanna in ann na BPCanna sin a cheadúnú ná a chur chun feidhme ná aon éileamh a bheith acu ar sháruithe ar feadh na tréimhse moille. ***Ba cheart go mbeadh sé gan dochar do BPCanna a ceadúnaíodh roimh theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.*** |

**Leasú 11**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 23**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (23) Féadfaidh sealbhóir BPC modhnú ar chlárú BPC a iarraidh freisin. Féadfaidh páirtí leasmhar a iarraidh freisin go ndéanfar clárú BPC a mhodhnú, más féidir leis a léiriú go bhfuil an clárú míchruinn bunaithe ar chinneadh cinntitheach ó údarás poiblí. Ní féidir BPC a bhaint den chlár ach amháin arna iarraidh sin don sealbhóir BPC, má tá an phaitinn imithe in éag, má tá an phaitinn neamhbhailí nó má fuarthas amach go bhfuil sé neamhriachtanach le cinneadh críochnaitheach nó rialú ó chúirt inniúil Ballstáit nó má fuarthas go raibh sé neamhriachtanach faoin Rialachán seo. | (23) Féadfaidh sealbhóir BPC modhnú ar chlárú BPC a iarraidh freisin. Féadfaidh páirtí leasmhar a iarraidh freisin go ndéanfar clárú BPC a mhodhnú, más féidir leis a léiriú go bhfuil an clárú míchruinn bunaithe ar chinneadh cinntitheach ó údarás poiblí. Ní féidir BPC a bhaint den chlár ach amháin arna iarraidh sin don sealbhóir BPC, má tá an phaitinn imithe in éag, má tá an phaitinn neamhbhailí nó má fuarthas amach go bhfuil sé neamhriachtanach le cinneadh críochnaitheach nó rialú ó chúirt inniúil Ballstáit nó má fuarthas go raibh sé neamhriachtanach faoin Rialachán seo. ***Ba cheart taifead ar aon mhodhnuithe ar chlár BPCanna a chur ar fáil go poiblí chun trédhearcacht a choinneáil.*** |

**Leasú 12**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 24**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (24) Chun cáilíocht an tabhaill a áirithiú tuilleadh agus chun róchlárú a sheachaint, ba cheart do mheastóirí neamhspleácha, arna roghnú de réir critéir oibiachtúla atá le cinneadh ag an gCoimisiún, seiceálacha ar an tréith fhíor-riachtanach a dhéanamh go randamach. Níor cheart ach BPC amháin ón bhfine paitinní céanna a sheiceáil le haghaidh tréithe riachtanacha. | (24) Chun cáilíocht an tabhaill a áirithiú tuilleadh agus chun róchlárú a sheachaint, ba cheart do mheastóirí neamhspleácha, neamhchlaonta arna roghnú de réir critéir oibiachtúla atá le cinneadh ag an gCoimisiún, seiceálacha ar an tréith fhíor-riachtanach a dhéanamh go randamach agus go hanaithnid. Níor cheart ach BPC amháin ón bhfine paitinní céanna a sheiceáil le haghaidh tréithe riachtanacha. |

**Leasú 13**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 25 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(25 a) Cé gur cheart buntáistí a dheonú do mhicrifhiontair, d'fhiontair bheaga agus d'fhiontair mheánmhéide, níor cheart na buntáistí a chuirtear ar fáil do na fiontair sin a bheith ar fáil do chásanna mí-úsáide. I ndáil leis sin, d'fhéadfadh samhail ghnó 'faigh agus dearbhaigh' a bheith ag eintitis dearbhaithe paitinní, chun críche ioncam a ghiniúint trí tháillí ceadúnúcháin, trí ríchíosanna agus trí chúiteamh damáiste, níor cheart go dtairbheodh siad as díolúine faoin Rialachán seo.*** |

**Leasú 14**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 31**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (31) Is é is aidhm do ghealltanas FRAND glacadh agus úsáid an chaighdeáin a éascú trí BPCanna a chur ar fáil do na feidhmeoirí ar théarmaí cothroma agus réasúnta agus toradh cothrom agus réasúnta a thabhairt don sealbhóir BPC as a nuálaíocht. Maidir le gníomhaíochtaí forfheidhmithe sealbhóirí BPCanna nó gníomhaíochtaí arna dtionscnamh ag feidhmeoirí bunaithe ar dhiúltú sealbhóir BPC ceadúnas a thabhairt, ba cheart gurb é a sprioc deiridh comhaontú ceadúnais FRAND a thabhairt i gcrích. Is é is príomhchuspóir don Rialachán i dtaca leis seo an chaibidlíocht agus an réiteach díospóidí lasmuigh den chúirt a d'fhéadfadh dul chun tairbhe an dá pháirtí a éascú. Trí rochtain a áirithiú ar bhealaí tapa, cothroma agus cost-éifeachtúla chun díospóidí a réiteach ar théarmaí agus coinníollacha FRAND, ba cheart do shealbhóirí agus d'fheidhmeoirí BPC araon tairbhe a bhaint astu. Mar sin, d'fhéadfadh | (31) Is é is aidhm do ghealltanas FRAND glacadh agus úsáid an chaighdeáin a éascú trí BPCanna a chur ar fáil do na feidhmeoirí ar théarmaí cothroma***,*** réasúnta agus ***neamh-idirdhealaitheacha agus*** toradh cothrom agus réasúnta a thabhairt don sealbhóir BPC as a nuálaíocht. Maidir le gníomhaíochtaí forfheidhmithe sealbhóirí BPCanna nó gníomhaíochtaí arna dtionscnamh ag feidhmeoirí bunaithe ar dhiúltú sealbhóir BPC ceadúnas a thabhairt, ba cheart gurb é a sprioc deiridh comhaontú ceadúnais FRAND a thabhairt i gcrích. Is é is príomhchuspóir don Rialachán i dtaca leis seo an chaibidlíocht agus an réiteach díospóidí lasmuigh den chúirt a d'fhéadfadh dul chun tairbhe an dá pháirtí a éascú. Trí rochtain a áirithiú ar bhealaí tapa, cothroma agus cost-éifeachtúla chun díospóidí a réiteach ar théarmaí agus coinníollacha FRAND, ba cheart do shealbhóirí agus d'fheidhmeoirí BPC araon tairbhe a bhaint astu. Mar sin, |

| | |
|---|---|
| na páirtithe go léir sochar a bhaint as sásra réitigh díospóide lasmuigh den chúirt a fheidhmíonn i gceart chun téarmaí FRAND a chinneadh (cinneadh FRAND). Féadfaidh páirtí cinneadh FRAND a iarraidh chun a léiriú gur tairiscint FRAND a thairiscint nó chun urrús a sholáthar, agus iad i mbun idirphlé de mheon macánta. | d'fhéadfadh na páirtithe go léir sochar a bhaint as sásra réitigh díospóide lasmuigh den chúirt a fheidhmíonn i gceart chun téarmaí FRAND a chinneadh (cinneadh FRAND). Féadfaidh páirtí cinneadh FRAND a iarraidh chun a léiriú gur tairiscint FRAND a thairiscint nó chun urrús a sholáthar, agus iad i mbun idirphlé de mheon macánta. |

**Leasú 15**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 32**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (32) Le cinneadh FRAND ba cheart an chaibidlíocht maidir le téarmaí FRAND a shimpliú agus a bhrostú agus costais a laghdú. Ba cheart do EUIPO an nós imeachta a riar. Ba cheart don lárionad inniúlachta uainchlár comhréiteoirí a chruthú a chomhlíonann critéir inniúlachta agus neamhspleáchais atá bunaithe, mar aon le stór tuarascálacha neamhrúnda (ní bheidh rochtain ach ag na páirtithe agus na comhréiteoirí ar leagan rúnda de na tuarascálacha). Ba cheart gur dhaoine neodracha a bheadh sna comhréiteoirí a bhfuil taithí fhairsing acu ar réiteach díospóidí agus lántuiscint acu ar ghnéithe eacnamaíocha ceadúnúcháin ar théarmaí agus coinníollacha FRAND. | (32) Le cinneadh FRAND ba cheart an chaibidlíocht maidir le téarmaí FRAND a shimpliú agus a bhrostú agus costais a laghdú. Ba cheart do EUIPO an nós imeachta a riar. Ba cheart don lárionad inniúlachta uainchlár comhréiteoirí a chruthú a chomhlíonann critéir inniúlachta agus neamhspleáchais atá bunaithe, mar aon le stór tuarascálacha neamhrúnda (ní bheidh rochtain ach ag na páirtithe agus na comhréiteoirí ar leagan rúnda de na tuarascálacha). Ba cheart gur dhaoine neodracha agus neamhchlaonta a bheadh sna comhréiteoirí a bhfuil taithí fhairsing acu ar réiteach díospóidí agus lántuiscint acu ar ghnéithe eacnamaíocha ceadúnúcháin ar théarmaí agus coinníollacha FRAND. |

**Leasú 16**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 33**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (33) Céim éigeantach a bheadh i gcinneadh FRAND sula mbeadh sealbhóir BPC in ann imeachtaí um shárú paitinne a thionscnamh nó sula bhféadfadh | (33) I gcás ina dtionscnaíonn páirtí amháin nó níos mó é, ba cheart cinneadh FRAND a bheith ina chéim éigeantach sula mbeadh sealbhóir BPC in ann imeachtaí |

| | |
|---|---|
| feidhmeoir cinneadh nó measúnú ar théarmaí agus coinníollacha FRAND i dtaobh BPC a iarraidh os comhair cúirt inniúil Ballstáit. Níor cheart an oibleagáid maidir le cinneadh FRAND a thionscnamh áfach roimh na himeachtaí cúirte ábhartha a bheith ag teastáil le haghaidh BPCanna lena gcumhdaítear na cásanna úsáide caighdeán sin dá suíonn an Coimisiún nach bhfuil aon deacracht nó neamhéifeachtúlacht shuntasach maidir le ceadúnú ar théarmaí FRAND ina leith. | um shárú paitinne a thionscnamh nó sula bhféadfadh feidhmeoir cinneadh nó measúnú ar théarmaí agus coinníollacha FRAND a bhaineann le BPC a iarraidh os comhair cúirt inniúil Ballstáit. Dá bhrí sin, sula dtionscnaítear aon imeachtaí um shárú paitinne nó aon imeachtaí éilimh os comhair cúirt de chuid an Aontais, ba cheart do na páirtithe tabhairt faoi nós imeachta idir-réitigh chun téarmaí agus coinníollacha FRAND a chinneadh. Níor cheart an nós imeachta idir-réitigh sin a bheith níos faide ná 9 mí agus níor cheart go mbeadh toradh an nós imeachta sin ceangailteach. |

**Leasú 17**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 34**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (34) Féadfaidh gach páirtí a roghnú cibé acu an mian leis a bheith páirteach sa nós imeachta agus gealltanas a thabhairt go gcomhlíonfaidh sé toradh an nós imeachta sin. ***I gcás ina mbeidh páirtí ann nach dtabharfaidh freagra ar an iarraidh ar chinntiúchán FRAND nó nach ngeallann sé forthoradh an chinntiúcháin FRAND a chomhlíonadh, ba cheart don pháirtí eile a bheith in ann foirceannadh nó leanúint aontaobhach an chinntiúcháin FRAND a iarraidh. Níor cheart do pháirtí den sórt sin a bheith neamhchosanta ar dhlíthíocht tráth a dhéantar cinneadh FRAND.*** An tráth céanna, ba cheart gur nós imeachta éifeachtach é cinneadh FRAND chun go bhféadfaidh na páirtithe teacht ar chomhaontú roimh dhul chun dlí nó chun cinneadh a bhaint amach a úsáidfear in imeachtaí eile. Dá bhrí sin, ba cheart don pháirtí nó na páirtithe a gheallann go gcomhlíonfaidh siad toradh chinneadh FRAND agus a ghabhann go cuí don nós imeachta, ba cheart dóibh a bheith in ann leas a bhaint as a thabhairt chun | (34) Féadfaidh gach páirtí a roghnú cibé acu an mian leis a bheith páirteach sa nós imeachta agus gealltanas a thabhairt go gcomhlíonfaidh sé toradh an nós imeachta sin. Ba cheart cinneadh FRAND a bheith ina nós imeachta éifeachtach do na páirtithe chun teacht ar chomhaontú agus chun aon díospóid atá ar feitheamh a réiteach nó chun cinneadh a fháil lena húsáid in imeachtaí eile. Dá bhrí sin, ba cheart go mbeadh an páirtí nó na páirtithe a chomhlíonann toradh chinneadh FRAND agus a ghlacann páirt go cuí sa nós imeachta in ann tairbhe a bhaint as a thabhairt chun críche. |

críche.

**Leasú 18**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 35**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (35) Leis an oibleagáid maidir le cinneadh FRAND a thionscnamh, níor cheart dó dochar a dhéanamh do chosaint éifeachtach chearta na bpáirtithe. ***Chuige sin, an páirtí a gheallann toradh chinneadh FRAND a chomhlíonadh fad agus a theipeann ar an bpáirtí eile déanamh amhlaidh, ba cheart dó a bheith i dteideal imeachtaí a thionscnamh os comhair na cúirte náisiúnta inniúla ar feitheamh chinneadh FRAND.*** Ina theannta sin, ba cheart do cheachtar páirtí a bheith in ann urghaire sealadach de chineál airgeadais a iarraidh os comhair na cúirte inniúla. I gcás ina bhfuil gealltanas FRAND tugtha ag an sealbhóir BPC ábhartha, le hurghairí sealadacha de chineál airgeadais leordhóthanach agus comhréireach ba cheart an chosaint bhreithiúnach is gá a sholáthar don sealbhóir BPC a d'aontaigh a BPC a cheadúnú ar théarmaí FRAND, agus ba cheart don fheidhmeoir a bheith in ann leibhéal ríchíosanna FRAND a chonspóid nó cosaint a ardú maidir le heaspa tréithe riachtanacha nó maidir le neamhbhailíocht BPC. Sna córais náisiúnta sin lena gceanglaítear na himeachtaí a thionscnamh ar thuillteanais an cháis mar choinníoll chun bearta eatramhacha de chineál airgeadais a iarraidh, ba cheart go bhféadfaí imeachtaí den sórt sin a thionscnamh, ach ba cheart do na páirtithe a iarraidh go gcuirfí an cás ar fionraí le linn chinneadh FRAND. Agus an leibhéal urghaire sealadach airgeadais a mheasfar a bheith leordhóthanach i gcás ar leith á chinneadh, ba cheart, inter alia, acmhainn eacnamaíoch an iarratasóra agus na héifeachtaí féideartha ar éifeachtacht na | (35) Leis an oibleagáid maidir le cinneadh FRAND a thionscnamh, níor cheart dó dochar a dhéanamh do chosaint éifeachtach chearta na bpáirtithe. I gcás ina bhfuil gealltanas FRAND tugtha ag an sealbhóir BPC ábhartha, le hurghairí sealadacha de chineál airgeadais leordhóthanach agus comhréireach ba cheart an chosaint bhreithiúnach is gá a sholáthar don sealbhóir BPC a d'aontaigh a BPC a cheadúnú ar théarmaí FRAND, agus ba cheart don fheidhmeoir a bheith in ann leibhéal ríchíosanna FRAND a chonspóid nó cosaint a ardú maidir le heaspa tréithe riachtanacha nó maidir le neamhbhailíocht BPC. Sna córais náisiúnta sin lena gceanglaítear na himeachtaí a thionscnamh ar thuillteanais an cháis mar choinníoll chun bearta eatramhacha de chineál airgeadais a iarraidh, ba cheart go bhféadfaí imeachtaí den sórt sin a thionscnamh, ach ba cheart do na páirtithe a iarraidh go gcuirfí an cás ar fionraí le linn chinneadh FRAND. Agus cinneadh á dhéanamh cén leibhéal den urghaire sealadach de chineál airgeadais a mheasfar a bheith leordhóthanach i gcás ar leith, ba cheart aird a thabhairt, inter alia, ar chumas eacnamaíoch an iarratasóra agus ar na héifeachtaí a d'fhéadfadh a bheith ann d'éifeachtacht na mbeart a ndéantar iarratas ina leith, go háirithe do FBManna, do mhicrifhiontair agus do ghnólachtaí nuathionscanta, chun mí-úsáid na mbeart sin a chosc freisin. Ba cheart a shoiléiriú freisin a luaithe a fhoirceannfar cinneadh FRAND, go mbeidh an raon iomlán beart, lena n-áirítear bearta sealadacha, réamhchúraim agus ceartaitheacha, ar fáil |

mbeart ar a ndearnadh iarratas, a chur san áireamh, go háirithe i gcás FBManna, agus freisin chun mí-úsáid beart den sórt sin a chosc. Ba cheart a shoiléiriú freisin a luaithe a fhoirceannfar cinneadh FRAND, go mbeidh an raon iomlán beart, lena n-áirítear bearta sealadacha, réamhchúraim agus ceartaitheacha, ar fáil do na páirtithe.

do na páirtithe.

**Leasú 19**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 37**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (37) Nuair a cheaptar é, ba cheart don lárionad idir- réitigh cinneadh FRAND a tharchur<br><br>chuig an gcomhréiteoir, agus ba cheart dó scrúdú a dhéanamh ar cé acu atá nó nach<br><br>bhfuil an fhaisnéis is gá san iarraidh, agus an sceideal nós imeachta a chur in iúl do na<br><br>páirtithe nó don pháirtí a iarrann leanúint ar aghaidh le cinneadh FRAND. | (37) Nuair a cheaptar é, ba cheart don lárionad idir-réitigh cinneadh FRAND a tharchur chuig an gcomhréiteoir, agus ba cheart dó scrúdú a dhéanamh ar cé acu atá nó nach bhfuil an fhaisnéis is gá san iarraidh, agus an sceideal nós imeachta a chur in iúl do na páirtithe. |

**Leasú 20**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 40**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (40) Má thionscnaíonn páirtí nós imeachta i ndlínse lasmuigh den Aontas as a dtagann cinntí atá ceangailteach ó thaobh dlí agus infhorfheidhmithe maidir leis an gcaighdeán céanna atá faoi réir chinneadh FRAND agus a chur chun feidhme, nó lena n-áirítear BPCanna ón bhfine phaitinne chéanna le BPCanna atá faoi réir chinneadh FRAND agus lena mbaineann ceann amháin nó níos mó de na páirtithe i gcinneadh FRAND mar pháirtí; | (40) Má thionscnaíonn páirtí nós imeachta i ndlínse lasmuigh den Aontas as a dtagann cinntí atá ceangailteach ó thaobh dlí agus infhorfheidhmithe maidir leis an gcaighdeán céanna atá faoi réir chinneadh FRAND agus a chur chun feidhme, nó lena n-áirítear BPCanna ón bhfine phaitinne chéanna le BPCanna atá faoi réir chinneadh FRAND agus lena mbaineann ceann amháin nó níos mó de na páirtithe i gcinneadh FRAND mar pháirtí; |

| | |
|---|---|
| sula ndéanann páirtí cinneadh FRAND nó lena linn, déanfaidh an comhréiteoir, nó i gcás nach mbeidh sé/sí ceaptha fós nó bunaithe fós, ba cheart don lárionad inniúlachta a bheith in ann an nós imeachta a fhoirceannadh arna iarraidh sin ag an bpáirtí eile. | sula ndéanann páirtí cinneadh FRAND nó lena linn, déanfaidh an comhréiteoir, nó i gcás nach mbeidh sé/sí ceaptha fós nó bunaithe fós, ba cheart don lárionad inniúlachta a bheith in ann an nós imeachta a fhoirceannadh arna iarraidh sin ag aon páirtí. |

**Leasú 21**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 45**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (45) Féadfaidh ceadúnú BPC a bheith ina chúis le hachrann i slabhraí luacha nár nochtadh do BPCanna go dtí seo. Tá sé tábhachtach, mar sin, go gcothóidh an lárionad inniúlachta feasacht maidir le ceadúnú BPC sa slabhra luacha trí aon cheann de na huirlisí atá ar fáil aige. I measc na dtosca eile bheadh cumas na monaróirí réamhtheachtacha costas ceadúnais BPC a chur ar aghaidh go dtí slabhra iartheachtach agus aon tionchar a d’fhéadfadh a bheith ag clásail slánaithe atá ann cheana laistigh de shlabhra luacha. | (45) Féadfaidh ceadúnú BPC a bheith ina chúis le hachrann i slabhraí luacha nár nochtadh do BPCanna go dtí seo. Tá sé tábhachtach, mar sin, go gcothóidh an lárionad inniúlachta feasacht maidir le ceadúnú BPC sa slabhra luacha trí aon cheann de na huirlisí atá ar fáil aige. I measc na dtosca eile bheadh cumas na monaróirí réamhtheachtacha costas ceadúnais BPC a chur ar aghaidh go dtí slabhra iartheachtach agus aon tionchar a d’fhéadfadh a bheith ag clásail slánaithe atá ann cheana laistigh de shlabhra luacha. ***Leis an gcreat dá bhforáiltear sa Rialachán seo, cuirfear ceannaireacht theicneolaíoch an Aontais sa nuálaíocht chun cinn.*** |

**Leasú 22**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 46**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (46) D’fhéadfadh baint a bheith ag FBManna le ceadúnú BPCanna mar shealbhóirí agus mar fheidhmeoirí BPC. Cé go bhfuil roinnt sealbhóirí BPC ag FBManna faoi láthair,is dócha go n-éascóidh na héifeachtúlachtaí a bhainfear leis an Rialachán seo ceadúnú a BPC. Tá | (46) D’fhéadfadh baint a bheith ag FBManna le ceadúnú BPCanna mar shealbhóirí agus mar fheidhmeoirí BPC. Cé go bhfuil roinnt sealbhóirí BPC ag FBManna faoi láthair,is dócha go n-éascóidh na héifeachtúlachtaí a bhainfear leis an Rialachán seo ceadúnú a BPC. Tá |

gá le coinníollacha breise chun an t-ualach costais ar FBManna den sórt sin a mhaolú, amhail táillí riaracháin laghdaithe agus táillí a d'fhéadfadh a bheith laghdaithe le haghaidh seiceálacha ar thréithe riachtanacha agus idir-réitigh chomh maith le tacaíocht agus oiliúint saor in aisce. Níor cheart do BPCanna na micrifhiontar agus na bhfiontar beag a bheith ina n-ábhar ag sampláil le haghaidh seiceálacha ar thréithe riachtanacha, ach ba cheart go mbeidís in ann BPCanna a mholadh le haghaidh seiceálacha ar thréithe riachtanacha más mian leo. Ar an gcaoi chéanna, ba cheart d'fheidhmeoirí FBManna tairbhe a bhaint as táillí rochtana laghdaithe agus as tacaíocht agus oiliúint in aisce. Ar deireadh, ba cheart sealbhóirí BPC a spreagadh chun ceadúnú ó FBManna a dhreasú trí lascainí ar líon íseal nó díolúintí ó ríchíosanna FRAND.

gá le coinníollacha breise chun an t-ualach costais ar FBManna den sórt sin a mhaolú, amhail táillí riaracháin laghdaithe agus táillí a d'fhéadfadh a bheith laghdaithe le haghaidh seiceálacha ar thréithe riachtanacha agus idir-réitigh chomh maith le tacaíocht agus oiliúint saor in aisce. Níor cheart BPCanna na ngnólachtaí nuathionscanta, na micrifhiontar agus na bhfiontar beag a bheith faoi réir samplála le haghaidh seiceáil fhíor-riachtanachachta, ach ba cheart dóibh a bheith in ann BPCanna a mholadh le haghaidh seiceálacha fíor-riachtanacha más mian leo. Ar an gcaoi chéanna, ba cheart d'fheidhmeoirí gnólachtaí nuathionscanta agus FBManna tairbhe a bhaint as táillí rochtana laghdaithe agus as tacaíocht agus oiliúint in aisce. Ar deireadh, ba cheart sealbhóirí BPC a spreagadh chun ceadúnú ó FBManna a dhreasú trí lascainí ar líon íseal nó díolúintí ó ríchíosanna FRAND.

**Leasú 23**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 47**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (47) Chun eilimintí neamhriachtanacha den Treoir seo a fhorlíonadh, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a tharmligean chuig an gCoimisiún i dtaca leis na hítimí a bheidh le hiontráil sa chlár nó maidir leis na caighdeáin ábhartha atá ann cheana a chinneadh nó chun cásanna úsáide caighdeáin nó codanna de na caighdeáin sin a shainaithint a ndeimhníonn an Coimisiún nach bhfuil aon deacrachtaí nó neamhéifeachtúlachtaí suntasacha maidir le ceadúnú ar théarmaí FRAND ina leith. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfaí | (47) Chun eilimintí neamhriachtanacha den Treoir seo a fhorlíonadh, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a tharmligean chuig an gCoimisiún i dtaca leis na hítimí a bheidh le hiontráil sa chlár Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfaí na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i<br><br>gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos |

na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i

gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos

Fearr[44]. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, faigheann Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus tá rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bhíonn ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

[44] IO L 123, 12.5.2016, lch. 1.

Fearr[44]. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, faigheann Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus tá rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bhíonn ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

[44] IO L 123, 12.5.2016, lch. 1.

**Leasú 24**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 48**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (48) Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir le forálacha ábhartha den Rialachán seo a chur chun feidhme, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún chun na ceanglais mhionsonraithe a ghlacadh maidir le roghnú na meastóirí agus na gcomhréiteoirí, chomh maith leis na rialacha nós imeachta agus an Cód Iompair le haghaidh meastóirí agus comhréiteoirí a ghlacadh. Ba cheart don Choimisiún freisin na rialacha teicniúla a ghlacadh chun sampla de BPCanna a roghnú le haghaidh seiceálacha ar thréithe riachtanacha agus leis an modheolaíocht chun go ndéanfaidh meastóirí agus meastóirí piaraí na seiceálacha sin ar thréithe riachtanacha. Ba cheart don Choimisiún freisin aon táille riaracháin a chinneadh dá sheirbhísí i ndáil leis na cúraimí faoin Rialachán seo | (48) Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir le forálacha ábhartha den Rialachán seo a chur chun feidhme, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún chun na ceanglais mhionsonraithe a ghlacadh maidir le roghnú na meastóirí agus na gcomhréiteoirí, chomh maith leis na rialacha nós imeachta agus an Cód Iompair le haghaidh meastóirí agus comhréiteoirí a ghlacadh. ***Ba cheart go mbeadh dea-cháil ar mheastóirí agus ar chomhréiteoirí i gcónaí agus ba cheart eolas, scileanna agus taithí leordhóthanach a bheith acu chun a ndualgais a chomhlíonadh.*** Ba cheart don Choimisiún freisin na rialacha teicniúla a ghlacadh chun sampla de BPCanna a roghnú le haghaidh seiceálacha ar thréithe riachtanacha agus leis an modheolaíocht chun go ndéanfaidh |

| | |
|---|---|
| agus táillí do na meastóirí seirbhísí, do shaineolaithe agus do na comhréiteoirí, maoluithe ar na táillí sin agus modhanna íocaíochta agus iad a oiriúnú de réir mar is gá. ***Ba cheart don Choimisiún freisin na caighdeáin nó codanna de na caighdeáin sin a foilsíodh roimh theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo a chinneadh, ar féidir BPCanna a chlárú ina leith.*** Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.[45] | meastóirí agus meastóirí piaraí na seiceálacha sin ar thréithe riachtanacha. Ba cheart don Choimisiún freisin aon táille riaracháin a chinneadh dá sheirbhísí i ndáil leis na cúraimí faoin Rialachán seo agus táillí do na meastóirí seirbhísí, do shaineolaithe agus do na comhréiteoirí, maoluithe ar na táillí sin agus modhanna íocaíochta agus iad a oiriúnú de réir mar is gá. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.[45] |
| [45] Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13.) | [45] Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13.) |

**Leasú 25**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 2 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Ba cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo maidir le paitinní atá fíor-riachtanach do chaighdeán atá foilsithe ag eagraíocht forbartha caighdeán, dá bhfuil gealltanas tugtha ag an sealbhóir SEP a chuid SEPanna a cheadúnú ar théarmaí agus coinníollacha cothroma, réasúnacha agus neamh-idirdhealaitheacha (FRAND) agus nach bhfuil faoi réir beartas maoine intleachtúla atá saor ó ríchíosanna. | 2. Beidh feidhm ag an Rialachán seo maidir le paitinní atá i bhfeidhm i mBallstát amháin nó níos mó agus ar dearbhaíodh iad a bheith fíor-riachtanach do chaighdeán atá foilsithe ag eagraíocht forbartha caighdeán, a bhfuil gealltanas tugtha ag sealbhóir BPC reatha nó iarshealbhóir BPC ina leith go ndéanfaidh sé a SEPanna a cheadúnú ar théarmaí agus ar choinníollacha atá cothrom, réasúnach agus neamh-idirdhealaitheach (FRAND) agus nach bhfuil faoi réir beartas maoine intleachtúla atá saor ó ríchíosanna. |

**Leasú 26**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 2 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(a) tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo, cé is moite de na heisceachtaí dá bhforáiltear i mír 3;*** | ***scriosta*** |

**Leasú 27**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 2 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(b) roimh theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo, i gcomhréir le hAirteagal 66.*** | ***scriosta*** |

**Leasú 28**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***3. Ní bheidh feidhm ag Airteagail 17 agus 18 ná ag Airteagal 34(1) maidir le BPCanna a mhéid a chuirtear chun feidhme iad le haghaidh cásanna úsáide arna sainaithint ag an gCoimisiún i gcomhréir le mír 4.*** | ***scriosta*** |

**Leasú 29**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***4. I gcás ina bhfuil dóthain fianaise ann, a mhéid a bhaineann le cásanna úsáide sainaitheanta caighdeáin áirithe nó codanna díobh, nach n-eascraíonn deacrachtaí suntasacha nó*** | ***scriosta*** |

***neamhéifeachtúlachtaí a dhéanann difear d'fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh as caibidlíochtaí ceadúnúcháin BPC ar théarmaí FRAND, déanfaidh an Coimisiún, tar éis próiseas comhairliúcháin iomchuí, trí bhíthin gníomh tarmligthe de bhun Airteagal 67, liosta de chásanna úsáide den sórt sin, caighdeáin nó codanna díobh a bhunú, chun críocha mhír 3.***

**Leasú 30**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 5**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***5. Beidh feidhm ag an Rialachán seo maidir le sealbhóirí BPC atá i bhfeidhm i mBallstát amháin nó níos mó.*** | ***scriosta*** |

**Leasú 31**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (1) ciallaíonn 'paitinn atá fíor-riachtanach do chaighdeán' nó 'BPC' aon phaitinn atá fíor-riachtanach do chaighdeán; | (1) ciallaíonn 'paitinn atá fíor-riachtanach do chaighdeán' nó 'BPC' aon phaitinn a dhearbhaítear a bheith riachtanach do chaighdeán; |

**Leasú 32**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (2) ciallaíonn 'fíor-riachtanach do chaighdeán' go bhfuil ar áireamh sa phaitinn éileamh amháin ar a laghad nach féidir ina leith, ar fhorais theicniúla, cur chun feidhme nó modh lena gcomhlíontar | (2) ciallaíonn 'fíor-riachtanach do chaighdeán' go ndearbhaítear go bhfuil éileamh amháin ar a laghad sa phaitinn, nach féidir, ar fhorais theicniúla, cur chun feidhme nó modh a chomhlíonann |

| | |
|---|---|
| caighdeán, lena n-áirítear roghanna laistigh den chéanna, a dhéanamh nó a úsáid gan an phaitinn a shárú faoi staid reatha na teicníochta agus faoin ngnáthchleachtas teicniúil; | caighdeán foilsithe, lena n-áirítear roghanna ann, a dhéanamh nó a úsáid, gan sárú a dhéanamh ar an bpaitinn, faoi staid reatha na teicníochta agus faoin ngnáthchleachtas teicniúil; |

**Leasú 33**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 7**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (7) ciallaíonn 'feidhmeoir' duine nádúrtha nó duine dlítheanach a chuireann chun feidhme, nó a bheartaíonn, caighdeán a chur chun feidhme i dtáirge, i bpróiseas, i seirbhís nó i gcóras; | (7) ciallaíonn 'feidhmeoir' duine nádúrtha nó duine dlítheanach a chuireann chun feidhme, nó a bheartaíonn, caighdeán a chur chun feidhme i dtáirge, i bpróiseas, i seirbhís nó i gcóras ***ar mhargadh an Aontais Eorpaigh;*** |

**Leasú 34**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 11**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (11) ciallaíonn 'comhthiomsú paitinní' eintiteas arna chruthú trí chomhaontú idir dhá shealbhóir BPC nó níos mó chun ceann amháin nó níos mó dá bpaitinní a cheadúnú dá chéile nó do thríú páirtithe; | (11) ciallaíonn 'comhthiomsú paitinní' eintiteas arna chruthú trí chomhaontú nó cuibhreannas idir dhá shealbhóir BPC nó níos mó chun ceann amháin nó níos mó dá bpaitinní a cheadúnú dá chéile nó do thríú páirtithe, ar bhonn leanúnach; |

**Leasú 35**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 18 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(18 a) ciallaíonn 'eintiteas dearbhaithe paitinní' eintiteas a dhíorthaíonn a ioncam ó fhorfheidhmiú nó ceadúnú paitinní, lena n-áirítear aon damáistí nó dámhachtainí airgeadaíochta ó dhearbhú*** |

***paitinní den sórt sin, agus nach bhfuil ag gabháil do tháirgeadh, do mhonarú, do dhíol nó do dháileadh earraí nó seirbhísí a bhaineann úsáid as na haireagáin phaitinnithe nó i dtaighde agus i bhforbairt aireagáin den sórt sin, nach institiúid oideachais ná taighde é, ná eagraíocht aistrithe teicneolaíochta a éascaíonn tráchtálú nuálaíochtaí teicneolaíochta arna nginiúint acu, agus nach aireagóir aonair é a dhearbhaíonn paitinní a deonaíodh ar dtús don aireagóir sin nó paitinní lena gcumhdaítear teicneolaíochtaí a d'fhorbair an t-aireagóir sin ar dtús.***

**Leasú 36**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Airteagal 2 a*** |
| | ***Oibleagáid ceadúnas a thabhairt faoi théarmaí agus coinníollacha FRAND*** |
| | ***Ní dhiúltóidh sealbhóirí paitinní atá fíor-riachtanach do chaighdeán laistigh de raon feidhme an Rialacháin seo de bhun Airteagal 1(2) ceadúnas ar bhealach gan bhunús d'aon pháirtí atá toilteanach glacadh le téarmaí agus coinníollacha FRAND atá bunaithe ar cheadúnas.*** |

**Leasú 37**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 2 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) clár leictreonach agus bunachar sonraí leictreonach a chur ar bun agus a choinneáil ar bun le haghaidh BPCanna; | (a) clár leictreonach agus bunachar sonraí leictreonach a chur ar bun agus a choinneáil ar bun le haghaidh BPCanna ***a chomhlíonann an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí***; |

**Leasú 38**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 2 – pointe c**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) córas a chur ar bun agus a riar chun measúnú a dhéanamh ar thréithe riachtanacha BPCanna; | (c) córas a chur ar bun agus a riar chun measúnú a dhéanamh ar thréithe riachtanacha BPCanna ***bunaithe ar chritéir shainráite agus infhíoraithe***; |

**Leasú 39**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 2 – pointe f**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (f) próiseas a riar chun ***ríchíos comhiomlán a chinneadh***; | (f) próiseas a riar chun ***comhaontuithe maidir le cinntí ríchíosa comhiomlána a éascú***; |

**Leasú 40**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 2 – pointe h**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (h) oiliúint, tacaíocht agus comhairle ghinearálta a chur ar fáil ***do FBManna*** maidir le BPCanna; | (h) oiliúint, tacaíocht agus comhairle ghinearálta a chur ar fáil maidir le BPCanna, ***go háirithe do FBManna, do mhicrifhiontair agus do ghnólachtaí nuathionscanta***; |

**Leasú 41**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 3 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***3 a. Beidh an saineolas ceart agus na*** |

| | |
|---|---|
| | ***hacmhainní cearta ag an lárionad inniúlachta agus déanfar é a chomhordú le heagraíochtaí réigiúnacha agus domhanda maoine intleachtúla araon, amhail Eagraíocht na bPaitinní Eorpacha agus an Eagraíocht Dhomhanda um Maoin Intleachtúil.*** |

**Leasú 42**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 3 – pointe i**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (i) aon téarmaí agus coinníollacha caighdeánacha poiblí a bheith ann le haghaidh ceadúnú BPC do FBManna; | (i) aon téarmaí agus coinníollacha caighdeánacha poiblí a bheith ann le haghaidh ceadúnú BPC do FBManna***, do mhicrifhiontair agus do ghnólachtaí nuathionscanta***; |

**Leasú 43**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 4 – pointe c**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) faisnéis faoi cé acu a rinneadh nó nach ndearnadh seiceáil ar thréithe riachtanacha nó measúnú piaraí agus tagairt don toradh; | (c) aon fhaisnéis maidir le seiceáil ar thréithe riachtanacha nó meastóireacht phiaraí a rinneadh roimh an gclárú agus toradh na seiceála ar thréithe riachtanacha; |

**Leasú 44**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 4 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***4 a. Sula gcláraíonn siad a bpaitinní, féadfaidh sealbhóirí BPCanna a BPCanna a chur isteach dá ndeoin féin le haghaidh seiceáil ar thréithe riachtanacha chuig an ionad inniúlachta, a d'fhéadfadh glacadh leis nó diúltú é sin*** |

| | |
|---|---|
| | ***a dhéanamh.*** |

**Leasú 45**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 5 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Déanfaidh an lárionad inniúlachta bunachar sonraí leictreonach le haghaidh BPCanna a bhunú agus a choinneáil ar bun. | 1. Déanfaidh an lárionad inniúlachta bunachar sonraí leictreonach le haghaidh BPCanna a bhunú agus a choinneáil ar bun***, agus an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí á chomhlíonadh***. |

**Leasú 46**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 5 – mír 2 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Beidh an fhaisnéis seo a leanas sa bhunachar sonraí inrochtana ag aon tríú páirtí atá faoi réir an chlárúcháin leis an lárionad inniúlachta: | 2. Beidh rochtain ag aon tríú páirtí, lena n-áirítear cúirteanna agus údaráis phoiblí eile, ar an bhfaisnéis seo a leanas sa bhunachar sonraí, faoi réir clárú leis an lárionad inniúlachta: |

**Leasú 47**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 5 – mír 2 – pointe c**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) téarmaí agus coinníollacha caighdeánacha poiblí maidir le ceadúnú BPC do FBManna de bhun Airteagal 62(1), má tá siad ar fáil; | (c) téarmaí agus coinníollacha caighdeánacha poiblí maidir le ceadúnú BPCanna do FBManna, do mhicrifhiontair agus do ghnólachtaí nuathionscanta de bhun Airteagal 62(1), má tá siad ar fáil; |

**Leasú 48**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 5 – mír 2 – pointe d**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (d) faisnéis maidir le táirgí, próisis, seirbhísí nó córais agus cur chun feidhme atá ar eolas de bhun Airteagal 7***, an chéad mhír, pointe (b)***; | (d) faisnéis maidir le táirgí, próisis, seirbhísí nó córais aitheanta agus cuir chun feidhme agus, i gcás ina mbeidh fáil ar an bpraghsáil réamh-mheasta, méideanna na ndíolachán a bhfuiltear ag súil leo agus aon sonraí margaidh ábhartha eile de bhun Airteagal 7; |

**Leasú 49**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 5 – mír 2 – pointe k**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (k) an dáta agus na forais maidir leis an BPC a bhaint den bhunachar sonraí de bhun Airteagal 25; | (k) an dáta agus na forais chun an BPC a bhaint den bhunachar sonraí de bhun Airteagal 25, agus taifead den fhaisnéis ábhartha uile maidir leis an BPC a baineadh; |

**Leasú 50**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 5 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Féadfaidh rochtain ar an bhfaisnéis de bhun mhír (2), pointí (f), (h), (i), (j) agus (k) a bheith faoi réir táille a íoc. | 3. Féadfaidh rochtain ar an bhfaisnéis de bhun mhír (2), pointí (f), (h), (i), (j) agus (k) a bheith faoi réir táille a íoc i gcás ina bhfuil údar cuí leis. . |

**Leasú 51**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Nuair a iarrann páirtí go gcoimeádfaí sonraí agus doiciméid an bhunachair sonraí faoi rún, soláthróidh an | 1. Nuair a iarrann páirtí go gcoimeádfaí sonraí agus doiciméid an bhunachair sonraí faoi rún, soláthróidh an |

| | |
|---|---|
| páirtí leagan neamhrúnda den fhaisnéis a cuireadh isteach faoi rún a bheidh mionsonraithe a dhóthain le go bhféadfar tuiscint réasúnta a fháil ar bhunús na faisnéise a cuireadh isteach faoi rún. Féadfaidh an lárionaid inniúlachta an leagan neamhrúnda sin a nochtadh. | páirtí sin ráiteas réasúnaithe lena dtabharfar bonn cirt don rúndacht sin agus leagan neamhrúnda den fhaisnéis a cuireadh isteach faoi rún a bheidh mionsonraithe a dhóthain le go bhféadfar tuiscint réasúnta a fháil ar bhunús na faisnéise a cuireadh isteach faoi rún. Féadfaidh an lárionaid inniúlachta an leagan neamhrúnda sin a nochtadh. |

**Leasú 52**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 7 – mír 1 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Cuirfidh sealbhóir BPC an fhaisnéis seo a leanas ar fáil don ionad inniúlachta: | Aon sealbhóir paitinne atá i bhfeidhm i mBallstát amháin nó níos mó agus atá fíor-riachtanach do chaighdeán a ndearnadh gealltanais FRAND ina leith, soláthróidh sé an fhaisnéis seo a leanas don lárionad inniúlachta: |

**Leasú 53**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 7 – mír 1 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) faisnéis maidir leis na táirgí, na próisis, na seirbhísí nó na córais a bhféadfar ábhar an BPC a ionchorprú iontu nó a bhfuil sé beartaithe é a chur i bhfeidhm orthu, le haghaidh gach cur chun feidhme atá ann cheana nó a d’fhéadfadh a bheith ann ar chaighdeán, a mhéid atá an fhaisnéis sin ar eolas ag an sealbhóir BPC. | (a) faisnéis maidir leis na táirgí, na próisis, na seirbhísí nó na córais ina bhféadfar ábhar an BPC a ionchorprú nó a bhfuil sé beartaithe í a chur i bhfeidhm ina leith, maidir le gach cur chun feidhme de chaighdeán atá ann cheana nó a d’fhéadfadh a bheith ann, a mhéid is eol do shealbhóir BPC an fhaisnéis sin agus a luaithe is eol sin dó. |

**Leasú 54**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 7 – mír 1 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) i gcás ina mbeidh siad ar fáil, a théarmaí agus coinníollacha caighdeánacha maidir le ceadúnú SEP, lena n-áirítear a bheartais maidir le ríchíosanna agus maidir le lascainí, laistigh de 7 mí ó oscailt an chlárúcháin don chaighdeán ábhartha agus don chur chun feidhme ábhartha ag an lárionad inniúlachta. | (b) i gcás ina bhfuil siad ar fáil, a théarmaí agus coinníollacha caighdeánacha maidir le ceadúnú BPCanna, lena n-áirítear a bheartais ríchíosa agus lascaine, laistigh de 7 mí ó oscailt an chlárúcháin don BPC ag an lárionad inniúlachta. |

**Leasú 55**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 7 – mír 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Féadfaidh feidhmeoir BPCanna faisnéis a sholáthar go deonach don lárionad inniúlachta freisin maidir leis na táirgí, na próisis, na seirbhísí nó na córais inar féidir ábhar an BPC a ionchorprú nó a bhfuil sé beartaithe é a chur i bhfeidhm ina leith, chomh maith le praghsáil réamh-mheasta, méideanna na ndíolachán a bhfuiltear ag súil leo agus aon sonraí margaidh ábhartha eile.*** |

**Leasú 56**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 8 – mír 1 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Soláthróidh sealbhóir SEP don lárionad inniúlachta an fhaisnéis seo a leanas a bheidh le háireamh sa bhunachar sonraí agus a mbeidh tagairt ina leith le cur sa tabhall: | Aon sealbhóir paitinne atá i bhfeidhm i mBallstát amháin nó níos mó agus atá fíor-riachtanach do chaighdeán a ndearnadh gealltanais FRAND ina leith, soláthróidh sé don lárionad inniúlachta an fhaisnéis seo a leanas a bheidh le háireamh sa bhunachar sonraí agus a mbeidh tagairt ina leith le cur sa tabhall: |

**Leasú 57**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 8 – mír 1 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) aon seiceáil ar thréithe riachtanacha roimh [IO: cuir isteach an dáta = 24 mí ó dháta theacht i bhfeidhm an rialacháin seo] arna déanamh ag meastóir neamhspleách i gcomhthéacs comhthiomsaithe paitinní, lena sainaithnítear | (b) aon seiceáil ar thréithe riachtanacha roimh [IO: cuir isteach an dáta = 24 mí ó dháta theacht i bhfeidhm an rialacháin seo] arna déanamh ag meastóir neamhspleách i gcomhthéacs comhthiomsaithe paitinní, lena sainaithnítear |
| uimhir chlárúcháin an BPC, aitheantas an chomhthiomsaithe patainní agus a | uimhir chlárúcháin an BPC, aitheantas an chomhthiomsaithe patainní agus a |
| riarthóra, agus an meastóir. | riarthóra, agus an meastóir; |

**Leasú 58**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 8 –mír 1 – pointe b a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(b a) aon fhaisnéis maidir le seiceáil ar an tréith fhíor-riachtanach nó meastóireacht phiaraí a rinneadh roimh chlárú na paitinne atá fíor-riachtanach do chaighdeán mar a thuairiscítear in Airteagal 4(4)(c).*** |

**Leasú 59**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 9 – mír 1 – pointe g**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (g) liosta de na táirgí, seirbhísí agus próisis a fhéadfar a cheadúnú tríd an gcomhthiomsú paitinní nó tríd an eintiteas; | (g) liosta de na táirgí, na seirbhísí agus na próisis a fhéadfar a cheadúnú tríd an gcomhthiomsú paitinní; |

**Leasú 60**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 9 – mír 1 – pointe h**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (h) beartas ríchíosanna agus lascaine in aghaidh gach catagóir táirge; | (h) ríchíosanna, lena n-áirítear, más infheidhme, ríchíosanna comhiomlána arna gcoinneáil agus arna mionsonrú, in aghaidh an úinéara BPC sa chomhthiomsú, a modh ríofa agus a mbeartas lascaine de réir catagóir táirge; |

**Leasú 61**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 9 – mír 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***1a. De mhaolú ar mhír 1, déanfaidh comhthiomsuithe paitinní, i gcás comhaontuithe rúndachta agus nósanna imeachta rúnda, an fhaisnéis faoi chosaint a sholáthar go díreach don lárionad inniúlachta.*** |

**Leasú 62**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 9 – mír 1 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***1b. Fíoróidh agus tuairisceoidh an lárionad inniúlachta cruinneas na faisnéise arna foilsiú ag comhthiomsuithe paitinní i gcomhréir le mír 1 ar bhonn rialta agus uair amháin sa bhliain ar a laghad, bunaithe ar mhodheolaíocht atá ar fáil go poiblí lena n-áiritheofar fíorú críochnúil, trédhearcach agus comhsheasmhach.*** |

**Leasú 63**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 11 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Déanfaidh daoine atá páirteach in imeachtaí um réiteach malartach díospóidí a | 1. Déanfaidh daoine atá páirteach in imeachtaí um réiteach malartach díospóidí a |
| bhaineann le BPCanna atá i bhfeidhm i mBallstát na caighdeáin agus na cur chun | bhaineann le BPCanna atá i bhfeidhm i mBallstát na caighdeáin agus na cur chun |
| feidhme lena mbaineann, an mhodheolaíocht a úsáidtear chun téarmaí agus | feidhme lena mbaineann, an mhodheolaíocht a úsáidtear chun téarmaí agus |
| coinníollacha FRAND a ríomh, a nochtadh don lárionad inniúlachta laistigh de 6 mhí | coinníollacha FRAND a ríomh, a nochtadh don lárionad inniúlachta laistigh de 4 mhí |
| ó fhoirceannadh an nós imeachta sin, an mhodheolaíocht a úsáidtear chun téarmaí | ó fhoirceannadh an nós imeachta sin, an mhodheolaíocht a úsáidtear chun téarmaí |
| agus coinníollacha FRAND a ríomh, faisnéis maidir le hainm na bpáirtithe, agus ar | agus coinníollacha FRAND a ríomh, faisnéis maidir le hainm na bpáirtithe, agus ar |
| rátaí ceadúnúcháin sonracha arna gcinneadh. | rátaí ceadúnúcháin sonracha arna gcinneadh. |

**Leasú 64**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 12 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Féadfaidh aon duine faisnéis den sórt sin mar aon le faisnéis faoi nuashonruithe, ceartúcháin agus comhairliúcháin phoiblí a sholáthar don lárionad inniúlachta. Foilseoidh an lárionad inniúlachta an fhaisnéis sin sa bhunachar sonraí. | 2. Féadfaidh aon duine faisnéis den sórt sin mar aon le faisnéis faoi nuashonruithe, ceartúcháin agus comhairliúcháin phoiblí a sholáthar don lárionad inniúlachta. Déanfaidh an lárionad inniúlachta an fhaisnéis sin a fhíorú a mhéid is féidir sula bhfoilseofar í sa bhunachar sonraí. |

**Leasú 65**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 13 – mír 2 – pointe c a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(c a) an pobal agus aon pháirtithe leasmhara a chur ar an eolas faoi chaighdeáin a bheith ann, le huirlisí taighde a bhfuil rochtain éasca orthu;*** |

**Leasú 66**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 14 – mír 1 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Sealbhóirí paitinne atá i bhfeidhm i gceann amháin nó níos mó de na Ballstáit agus atá fíor-riachtanach do chaighdeán ar tugadh gealltanais FRAND ina leith, tabharfaidh siad fógra don ionad inniúlachta, tríd an eagraíocht forbartha caighdeán i gcás inar féidir nó trí fhógra comhpháirteach a thabhairt, maidir leis an bhfaisnéis seo a leanas: | 1. Sealbhóirí paitinne atá i bhfeidhm i gceann amháin nó níos mó de na Ballstáit agus ar dearbhaíodh ina leith go bhfuil sí fíor-riachtanach do chaighdeán ar tugadh gealltanais FRAND ina leith, tabharfaidh siad fógra don ionad inniúlachta, trí fhógra comhpháirteach a thabhairt, faoin bhfaisnéis seo a leanas: |

**Leasú 67**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 14 – mír 4 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***4 a. Féadfaidh aon fheidhmeoir nó aon sealbhóir BPC atá i bhfeidhm i mBallstát amháin nó níos mó agus a dhearbhaítear a bheith fíor-riachtanach do chaighdeán a foilsíodh roimh theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo, in éagmais fógra faoi mhír (1), (3) nó faoi mhír (4), an fhaisnéis dá dtagraítear i mír (1) a chur in iúl don lárionad inniúlachta.*** |

**Leasú 68**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 14 – mír 5**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 5. Tabharfaidh an lárionad inniúlachta fógra don eagraíocht um fhorbairt caighdeán ábhartha maidir leis an bhfoilsiú. I gcás fógra a thabhairt de bhun mhíreanna (3) agus (4), tabharfaidh sé fógra freisin, i gcás inar féidir, do shealbhóirí BPC aitheanta ar bhonn aonair nó iarrfaidh sé deimhniú ón eagraíocht um fhorbairt caighdeán gur thug sí fógra cuí do na sealbhóirí BPC. | 5. Tabharfaidh an lárionad inniúlachta fógra don eagraíocht um fhorbairt caighdeán ábhartha maidir leis an bhfoilsiú. I gcás ina dtugtar fógra de bhun mhíreanna (3) agus (4), tabharfaidh sé fógra freisin, i gcás inar féidir, do shealbhóirí BPC aitheanta ar bhonn aonair. |

**Leasú 69**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 14 – mír 6**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 6. Foilseoidh an t-ionad inniúlachta ar shuíomh gréasáin EUIPO na fógraí a rinneadh de bhun mhíreanna (1), (3) agus (4) chun barúlacha a fháil ó gheallsealbhóirí. Féadfaidh geallsealbhóirí a mbarúlacha a thíolacadh don ionad inniúlachta laistigh de 30 lá ó fhoilsiú an liosta. | 6. Foilseoidh an t-ionad inniúlachta ar shuíomh gréasáin EUIPO na fógraí a rinneadh de bhun mhíreanna (1), (3), (4) agus (4a) chun barúlacha a fháil ó gheallsealbhóirí. Féadfaidh geallsealbhóirí a mbarúlacha a thíolacadh don ionad inniúlachta laistigh de 30 lá ó fhoilsiú an liosta. |

**Leasú 70**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 17 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Féadfaidh sealbhóirí BPCanna atá i bhfeidhm i mBallstát amháin nó níos mó, arb ionann iad agus 20 % ar a laghad de na BPCanna uile a ghabhann le caighdeán, a iarraidh ar an lárionad inniúlachta comhréiteoir a cheapadh ó uainchlár na gcomhréiteoirí chun idirghabháil a dhéanamh ar an bplé chun ríchíos | 1. Féadfaidh sealbhóirí BPCanna atá i bhfeidhm i mBallstát amháin nó níos mó a iarraidh ar an lárionad inniúlachta comhréiteoir a cheapadh ó uainchlár na gcomhréiteoirí chun idirghabháil a dhéanamh ar an bplé chun ríchíos comhiomlán a thíolacadh go comhpháirteach. |

comhiomlán a thíolacadh go comhpháirteach.

**Leasú 71**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 17 – mír 2 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***2 a. I gcás caighdeán a fhoilseofar roimh theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo, féadfar an iarraidh dá dtagraítear i mír (1) den Airteagal seo a dhéanamh tráth nach déanaí ná 150 lá tar éis don lárionad inniúlachta an fhaisnéis a fhoilsiú de bhun Airteagal 14(7).*** |

**Leasú 72**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 17 – mír 4 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***4 a. Foilseoidh an lárionad inniúlachta glao ar léiriú spéise, chun cuireadh a thabhairt do shealbhóirí eile BPCanna le haghaidh an chaighdeáin, feidhmeoirí reatha, agus feidhmeoirí a bhfuil sé ar intinn acu táirgí a chur leis an gcaighdeán ar an margadh, páirt a ghlacadh sa phróiseas.*** |

**Leasú 73**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 17 – mír 5**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 5. Ceapfaidh an lárionad inniúlachta comhréiteoir as an uainchlár de chomhréiteoirí agus déanfaidh sé na sealbhóirí BPC uile a léirigh spéis maidir le bheith rannpháirteach sa phróiseas a chur | 5. Ceapfaidh an lárionad inniúlachta comhréiteoir as an uainchlár de chomhréiteoirí agus déanfaidh sé na sealbhóirí agus feidhmeoirí BPC uile a léirigh spéis maidir le bheith |

| | |
|---|---|
| ar an eolas. | rannpháirteach sa phróiseas a chur ar an eolas. |

**Leasú 74**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 17 – mír 6**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 6. Sealbhóirí BPC a chuireann faisnéis faoi rún faoi bhráid an chomhréiteora, soláthróidh siad leagan neamhrúnda den fhaisnéis a cuireadh isteach faoi rún a bheidh mionsonraithe a dhóthain le go bhféadfar bunús na faisnéise a chuirtear isteach faoi rún a thuiscint. | 6. Sealbhóirí agus feidhmeoirí BPC a chuireann faisnéis faoi rún faoi bhráid an chomhréiteora, soláthróidh siad leagan neamhrúnda den fhaisnéis a cuireadh isteach faoi rún a bheidh mionsonraithe a dhóthain le go bhféadfar bunús na faisnéise a chuirtear isteach faoi rún a thuiscint. |

**Leasú 75**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 17 – mír 7**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 7. I gcás nach dtugann sealbhóirí BPC aon fhógra comhpháirteach laistigh de 6 mhí ón tráth a cheaptar an comhréiteoir, cuirfidh an comhréiteoir deireadh leis an bpróiseas. | 7. I gcás ina mainneoidh sealbhóirí BPCcomhaontú a dhéanamh maidir le tíolacadh comhpháirteach ríchíosa comhiomláin laistigh de 6 mhí ó cheapadh an chomhréiteoir, déanfaidh an comhréiteoir an próiseas a fhoirceannadh. |

**Leasú 76**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 17 – mír 8**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 8. Má thagann na rannchuiditheoirí ar chomhaontú maidir le fógra comhpháirteach, beidh feidhm ag an nós imeachta a leagtar amach in Airteagal 15(1), (2) agus (4). | 8. Má thagann na sealbhóirí BPC ar chomhaontú maidir le fógra comhpháirteach, beidh feidhm ag an nós imeachta a leagtar amach in Airteagal 15(1), (2) agus (4). |

**Leasú 77**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 18 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Féadfaidh sealbhóir BPC nó feidhmeoir tuairim shaineolach neamhcheangailteach a iarraidh ar an lárionad inniúlachta maidir le ríchíos comhiomlán domhanda. | 1. Féadfaidh sealbhóir SEP nó feidhmeoir tuairim shaineolach neamhcheangailteach maidir le ríchíos comhiomlán a iarraidh ar an lárionad inniúlachta. ***Beidh feidhmeoir in ann an iarraidh sin a dhéanamh, fiú más rud é gur thángthas ar chomhaontú i measc sealbhóirí SEP cheana féin, lena n-áirítear tríd an nós imeachta a thuairiscítear in Airteagal 15 go hAirteagal 17.*** |

**Leasú 78**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 18 – mír 2 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Déanfar an iarraidh dá dtagraítear i mír 1 tráth nach déanaí ná 150 lá tar éis na nithe seo a leanas: | 2. Déanfar an iarraidh arna déanamh ag an sealbhóir BPC agus dá dtagraítear i mír (1) tráth nach déanaí ná 150 lá tar éis na nithe seo a leanas: |

**Leasú 79**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 18 – mír 2 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***2 a. I gcás caighdeán a fhoilseofar roimh theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo, déanfar an iarraidh dá dtagraítear i mír (1) tráth nach déanaí ná 150 lá tar éis don lárionad inniúlachta an fhaisnéis a fhoilsiú de bhun Airteagal 14(7).*** |

**Leasú 80**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 18 – mír 3 – pointe d a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(d a) tuairisc ar an táirge deiridh inar cheart é a chur chun feidhme.*** |

**Leasú 81**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 18 – mír 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. Tabharfaidh an lárionad inniúlachta fógra faoin iarraidh don eagraíocht ábhartha forbartha caighdeán agus do gach geallsealbhóir aitheanta. Foilseoidh sé an iarraidh ar shuíomh gréasáin EUIPO agus tabharfaidh sé cuireadh do gheallsealbhóirí spéis a léiriú i rannpháirtíocht sa phróiseas laistigh de 30 lá ón lá a foilsíodh an iarraidh. | 4. Tabharfaidh an lárionad inniúlachta fógra faoin iarraidh do gach geallsealbhóir aitheanta. Foilseoidh sé an iarraidh ar shuíomh gréasáin EUIPO agus tabharfaidh sé cuireadh do gheallsealbhóirí spéis a léiriú i rannpháirtíocht sa phróiseas laistigh de 30 lá ón lá a foilsíodh an iarraidh. |

**Leasú 82**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 18 – mír 5**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 5. Féadfaidh aon gheallsealbhóir iarraidh a dhéanamh páirt a ghlacadh sa phróiseas tar éis míniú a thabhairt ar bhunús a spéise. Soláthróidh sealbhóirí BPC a gcéatadán measta de na BPCanna sin de na BPCanna uile do chaighdeán. Soláthróidh feidhmeoirí faisnéis maidir le haon chur chun feidhme ábhartha den chaighdeán, lena n-áirítear aon sciar ábhartha den mhargadh san Aontas. | 5. Féadfaidh aon gheallsealbhóir iarraidh a dhéanamh páirt a ghlacadh sa phróiseas tar éis míniú a thabhairt ar bhunús a spéise. Soláthróidh sealbhóirí BPC a gcéatadán measta de na BPCanna sin de na BPCanna uile do chaighdeán. Soláthróidh feidhmeoirí faisnéis maidir le haon chur chun feidhme ábhartha, reatha nó féideartha ar an gcaighdeán, lena n-áirítear aon sciar ábhartha den mhargadh san Aontas. |

**Leasú 83**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 18 – mír 6**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 6. Má áirítear sealbhóirí BPC sna hiarrataí ar rannpháirtíocht arb ionann iad le chéile agus 20 % measta ar a laghad de na BPCanna uile le haghaidh caighdeáin, in éineacht le feidhmeoirí ag a bhfuil sciar ábhartha den mhargadh de 10 % ar a laghad i gcomhpháirt san Aontas nó 10 FBM ar a laghad, ceapfaidh an lárionad inniúlachta painéal de thriúr comhréiteoirí a roghnófar as an uainchlár de chomhréiteoirí a bhfuil an cúlra iomchuí acu ón réimse ábhartha teicneolaíochta. | 6. Má áirítear ar na hiarrataí ar rannpháirtíocht ar a laghad 5 shealbhóir BPCanna a dhéanann ionadaíocht i dteannta a chéile ar gach BPC don chaighdeán, nó 3 fheidhmeoir ar a laghad nó 5 FBM nó gnólacht nuathionscanta ar a laghad, ceapfaidh an t-ionad inniúlachta painéal de thriúr comhréiteoirí a roghnófar ó uainchlár na gcomhréiteoirí a mbeidh taithí iomchuí acu i réimse ábhartha na teicneolaíochta. |

**Leasú 84**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 18 – mír 8 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 8. Tar éis an cheapacháin, iarrfaidh an painéal ar na sealbhóirí BPC rannpháirteacha na nithe seo a leanas a dhéanamh laistigh de 1 mhí amháin: | 8. Laistigh d’aon mhí amháin tar éis an cheapacháin, iarrfaidh an painéal ar na sealbhóirí rannpháirteacha SEP, mar aon leis na feidhmeoirí rannpháirteacha nó na neamh-rannpháirtithe, an méid seo a leanas a dhéanamh: |

**Leasú 85**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 18 –mír 8 – pointe b a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(b a) aon fhianaise nó tuairimí a sholáthar chun cabhrú leis an bpainéal tuairim a chinneadh maidir le ríchíosanna comhiomlána.*** |

**Leasú 86**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 18 – mír 11**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 11. Áireofar sa tuairim shaineolach achoimre ar an bhfaisnéis a soláthraíodh san iarraidh, an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 15(2), ainmneacha na gcomhréiteoirí, an nós imeachta, na cúiseanna leis an tuairim maidir leis an ríchíos comhiomlán agus an mhodheolaíocht fholuiteach. Sonrófar na cúiseanna le haon tuairim éagsúil in iarscríbhinn a ghabhfaidh leis an tuairim shaineolach. | 11. Áireofar sa tuairim shaineolach an ráta ríchíosa comhiomlán a mholtar, achoimre ar an bhfaisnéis arna soláthar san iarraidh, an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 15(2), ainmneacha na gcomhréiteoirí, an nós imeachta, na cúiseanna atá leis an tuairim maidir leis an ríchíos comhiomlán agus an mhodheolaíocht fholuiteach. Sonrófar na cúiseanna le haon tuairim éagsúil in iarscríbhinn a ghabhfaidh leis an tuairim shaineolach. |

**Leasú 87**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 19 – mír 1 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Cruthóidh an lárionad inniúlachta iontráil sa chlár do chaighdeán a bhfuil gealltanais FRAND déanta ina leith laistigh de 60 lá ón gceann is túiscede na teagmhais seo a leanas: | 1. Cruthóidh an lárionad inniúlachta iontráil sa chlár le haghaidh caighdeán nó cuid de chaighdeán ar tugadh gealltanais FRAND ina leith laistigh de 60 lá ón dáta is luaithe de na himeachtaí seo a leanas: |

**Leasú 88**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 19 – mír 1 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) foilsíonn an lárionad inniúlachta an caighdeán agus an fhaisnéis ghaolmhar de bhun Airteagal 14(7); | (a) foilsiú na faisnéise ag an lárionad inniúlachta de bhun Airteagal 14(7); |

**Leasú 89**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 19 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Foilseoidh an t-ionad inniúlachta fógra ar shuíomh gréasáin EUIPO lena gcuirfear geallsealbhóirí ar an eolas go ndearnadh iontráil sa tabhall agus déanfar tagairt san fhógra do na foilseacháin dá dtagraítear i mír (1). Tabharfaidh an t-ionad inniúlachta fógra faoin bhfógra sa mhír seo do shealbhóirí aitheanta SEP ar bhonn aonair trí mheán leictreonach agus don eagraíocht ábhartha forbartha caighdeán. | 2. Foilseoidh an lárionad inniúlachta fógra ar shuíomh gréasáin EUIPO lena gcuirfear geallsealbhóirí ar an eolas go ndearnadh iontráil sa tabhall agus déanfar tagairt san fhógra do na foilseacháin dá dtagraítear i mír (1). Tabharfaidh an lárionad inniúlachta fógra do shealbhóirí SEP aitheanta ar bhonn aonair trí mheán leictreonach faoin bhfógra sa mhír seo. |

**Leasú 90**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 20 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Arna iarraidh sin do shealbhóir SEP, cláróidh an t-ionad inniúlachta aon phaitinn atá i bhfeidhm i mBallstát amháin nó níos mó agus a thagann faoi raon feidhme an Rialacháin seo agus atá fíor-riachtanach do chaighdeán, ar fhoilsigh an lárionad inniúlachta fógra ina leith de bhun Airteagal 19(2). | 1. Arna iarraidh sin do shealbhóir SEP, cláróidh an lárionad inniúlachta aon ***SEP*** atá i bhfeidhm i mBallstát amháin nó níos mó, ar fhoilsigh an lárionad inniúlachta fógra ina leith de bhun Airteagal 19(2). |

**Leasú 91**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 22 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Déanfar seiceáil ar shampla de chlárúcháin BPC ar bhonn bliantúil le haghaidh iomláine agus cruinnis. | 1. Gach bliain, seiceálfaidh EUIPO sampla de na clárúcháin BPC chun a n-iomláine agus a gcruinneas a fhíorú. |

**Leasú 92**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 22 – mír 4 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***4 a. Más rud é go bhfuil BPC curtha ar fionraí ón gclár de bhun mhír 4, is é an dáta clárúcháin an dáta a leigheasadh go héifeachtach agus go hiomlán an neamhiomláine nó an míchruinneas.*** |

**Leasú 93**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 24 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Sealbhóir BPC nach bhfuil a chuid BPCanna cláraithe aige laistigh den teorainn ama a leagtar amach in Airteagal 20(3), ní bheidh sé i dteideal ríchíosanna a fháil ná damáistí a lorg as sárú ar na BPCanna sin i ndáil le cur chun feidhme an chaighdeáin a gceanglaítear clárú ina leith, ón teorainn ama a leagtar amach in Airteagal 20(3) go dtí go gclárófar sa chlár é. | 2. Sealbhóir SEP nár chláraigh a BPCanna laistigh den teorainn ama a leagtar amach in Airteagal 20(3), ní bheidh sé i dteideal aon éileamh a bheith aige ar sháruithe ar BPCanna den sórt sin maidir le cur chun feidhme an chaighdeáin a bhfuil clárú ag teastáil ina leith, ón teorainn ama a leagtar amach in Airteagal 20(3) go dtí go gclárófar é sa chlár. |

**Leasú 94**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 24 – mír 2 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***2 a. Tá míreanna (1) agus (2) gan dochar d'fhorálacha a áirítear i gconarthaí lena socraítear ríchíos le haghaidh paitinní a ndearbhaítear ina leith go bhfuil siad fíor-riachtanach do chaighdeán a thugtar i gcrích agus a chuirtear i bhfeidhm roimh theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.*** |

**Leasú 95**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 24 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***3. Tá míreanna (1) agus (2) gan dochar do na forálacha a áirítear sna conarthaí lena socraítear ríchíos le haghaidh punann leathan paitinní, ar paitinní iad atá ann cheana nó paitinní amach anseo, agus sonraítear iontu nach ndéanfar difear do mhéid foriomlán agus d'infhorfheidhmitheacht an ríchíosa ná do théarmaí agus coinníollacha eile an chonartha má bhíonn cuid díobh neamhbhailí, neamhriachtanach nó do-infheidhmithe.*** | ***scriosta*** |

**Leasú 96**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 25 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Bainfidh an lárionad inniúlachta an BPC den chlár agus den bhunachar sonraí. | 3. Bainfidh an lárionad inniúlachta an BPC den chlár agus den bhunachar sonraí. ***Déanfaidh an lárionad inniúlachta aon fhaisnéis maidir le haon BPC a baineadh den chlár a chothabháil agus a chur ar fáil go poiblí.*** |

**Leasú 97**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 26 – mír 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. Ceapfaidh an lárionad inniúlachta [10] meastóirí ó uainchlár na meastóirí mar mheastóirí piaraí go ceann tréimhse [3] bliana. | 4. Ceapfaidh an lárionad inniúlachta [10] meastóirí ó uainchlár na meastóirí mar mheastóirí piaraí ar feadh tréimhse [trí] bliana a ghníomhóidh go hanaithnid. |

**Leasú 98**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 26 – mír 5 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 5. Faoin [IO: cuir isteach dáta = 18 mí ó theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo],<br><br>déanfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomh cur chun feidhme arna ghlacadh i<br><br>gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear i , na socruithe praiticiúla<br><br>agus oibríochtúla a bhaineann leis na nithe seo a leanas a leagan síos: | 5. Faoin [IO: cuir isteach dáta = 18 mí ó theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], déanfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomh cur chun feidhme arna ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Aireagal 68(2) , na socruithe praiticiúla agus oibríochtúla a bhaineann leis na nithe seo a leanas a leagan síos: |

**Leasú 99**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 26 – mír 5 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) na ceanglais le haghaidh meastóirí nó comhréiteoirí, lena n-áirítear Cód Iompair; | (a) na ceanglais ar mheastóirí nó ar chomhréiteoirí, lena n-áirítear Cód Iompair agus na cáilíochtaí, an taithí agus na critéir neamhchlaontachta is gá; |

**Leasú 100**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 27 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Cuirfidh an lárionad inniúlachta nós imeachta i bhfeidhm chun iarrthóirí a roghnú bunaithe ar na ceanglais a bhunaítear sa ghníomh cur chun feidhme dá dtagraítear in Airteagal 26(5). | 1. Seolfaidh an lárionad inniúlachta nós imeachta trédhearcach chun iarrthóirí a roghnú bunaithe ar na ceanglais arna mbunú sa ghníomh cur chun feidhme dá dtagraítear in Airteagal 26(5). |

**Leasú 101**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 27 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Bunóidh an lárionad inniúlachta uainchlár d'iarrthóirí oiriúnacha le haghaidh meastóirí nó comhréiteoirí. D'fhéadfadh uainchláir éagsúla de mheastóirí agus comhréiteoirí a bheith ann ag brath ar réimse teicniúil a speisialtóireachta nó a saineolais. | 2. Bunóidh an lárionad inniúlachta uainchlár d'iarrthóirí atá cáilithe, a bhfuil taithí acu agus atá neamhchlaonta, do mheastóirí nó do chomhréiteoirí. D'fhéadfadh uainchláir éagsúla de mheastóirí agus comhréiteoirí a bheith ann ag brath ar réimse teicniúil a speisialtóireachta nó a saineolais. |

**Leasú 102**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 28 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Is meastóir arna roghnú de bhun Airteagal 27 a dhéanfaidh an tseiceáil ar an tréith fhíor-riachtanach. Déanfaidh meastóirí seiceálacha ar thréithe fíor-riachtanacha BPCanna cláraithe le haghaidh an chaighdeáin dá bhfuil siad cláraithe. | 2. Is meastóir arna roghnú de bhun Airteagal 27 a dhéanfaidh an tseiceáil ar an tréith fhíor-riachtanach. Déanfaidh meastóirí seiceálacha ar thréithe fíor-riachtanacha BPCanna cláraithe le haghaidh an chaighdeáin dá bhfuil siad cláraithe. ***Ní sheolfar an tseiceáil ar an tréith fhíor-riachtanach sula nglacfar an caighdeán a ndearbhaítear na paitinní a bheith fíor-riachtanach chuige.*** |

**Leasú 103**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 29 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Roghnóidh an lárionad inniúlachta sampla de BPCanna cláraithe ar bhonn bliantúil ó fhinte éagsúla paitinne ó gach sealbhóir BPC agus maidir le gach caighdeán sonrach sa chlár lena dtréithe fíor-riachtanacha a sheiceáil. Eisiafar BPCanna cláraithe de chuid micrifhiontar agus fiontar beag ón bpróiseas samplála | 1. Roghnóidh an lárionad inniúlachta sampla de BPCanna cláraithe ar bhonn bliantúil ó fhinte éagsúla paitinne ó gach sealbhóir BPC agus maidir le gach caighdeán sonrach sa chlár lena dtréithe fíor-riachtanacha a sheiceáil. Eisiafar BPCanna cláraithe micrifhiontar agus fiontar beag ón bpróiseas samplála |

| | |
|---|---|
| bliantúil. Déanfar na seiceálacha bunaithe ar mhodheolaíocht lena n-áiritheofar go mbunófar roghnúchán a bheidh cothrom agus bailí go staitistiúil lena bhféadfar torthaí cruinne a ndóthain a thabhairt maidir leis an ráta tréithe riachtanacha sna BPCanna cláraithe uile atá ag sealbhóir BPC maidir le gach caighdeán sonrach sa chlár. Faoin [IO: Faoin [IO: cuir isteach dáta = 18 mí ó theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], déanfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomh cur chun feidhme, an mhodheolaíocht mhionsonraithe a chinneadh. Déanfar an gníomh cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 68(2). | bliantúil, ach amháin más eintiteas dearbhaithe paitinne iad nó má tá siad á rialú go díreach nó go hindíreach ag duine dlítheanach nach gcomhlíonann an sainmhíniú ar mhicreafhiontar nó ar fhiontar beag. Déanfar na seiceálacha bunaithe ar mhodheolaíocht lena n-áiritheofar go mbunófar roghnúchán a bheidh cothrom agus bailí go staitistiúil lena bhféadfar torthaí cruinne a ndóthain a thabhairt maidir leis an ráta tréithe riachtanacha sna BPCanna cláraithe uile atá ag sealbhóir BPC maidir le gach caighdeán sonrach sa chlár. Faoin [IO: Faoin [IO: cuir isteach dáta = 18 mí ó theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], déanfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomh cur chun feidhme, an mhodheolaíocht mhionsonraithe a chinneadh. Déanfar an gníomh cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 68(2). |

**Leasú 104**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 29 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Cuirfidh an t-ionad inniúlachta sealbhóirí BPCanna ar an eolas faoi na BPCanna a roghnaíodh le haghaidh seiceálacha ar an tréith fhíor-riachtanach. Laistigh den teorainn ama arna bunú ag an lárionad inniúlachta, féadfaidh sealbhóirí SEP tíolacadh a dhéanamh ar chairt éileamh laistigh den tréimhse ama chéanna ina mbeidh cúig chomhfhreagras ar a mhéad idir an SEP agus an caighdeán ábhartha, ar aon fhaisnéis theicniúil bhreise a d'fhéadfadh an tseiceáil ar an tréith fhíor-riachtanach a éascú agus ar aistriúcháin ar an bpaitinn a iarrann an t-ionad inniúlachta. | 2. Cuirfidh an t-ionad inniúlachta sealbhóirí BPCanna ar an eolas faoi na BPCanna a roghnaíodh le haghaidh seiceálacha ar an tréith fhíor-riachtanach. Laistigh den teorainn ama arna bunú ag an lárionad inniúlachta, féadfaidh sealbhóirí SEP tíolacadh a dhéanamh ar aon fhaisnéis theicniúil bhreise a d'fhéadfadh an tseiceáil ar an tréith fhíor-riachtanach a éascú agus ar aistriúcháin ar an bpaitinn a iarrann an lárionad inniúlachta. |

**Leasú 105**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 29 – mír 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. Maidir le BPC a roghnaíodh lena thréithe riachtanacha a sheiceáil, más rud é go ndearnadh a thréithe riachtanacha a sheiceáil cheana féin nó go bhfuiltear á dhéanamh sin faoi láthair de bhun an Teidil seo, nó go bhfuiltear ag déanamh a thréithe riachtanacha a chinneadh nó a sheiceáil mar a thagraítear dó sin in Airteagal 8, ní dhéanfar aon seiceáil bhreise ar a thréithe riachtanacha. Úsáidfear an toradh ón tseiceáil nó ón gcinneadh ar thréithe riachtanacha roimhe sin chun céatadán na samplaí in aghaidh an tsealbhóra BPC agus in aghaidh an chaighdeáin chláraithe shonraigh a bhí rathúil sa tseiceáil ar thréithe riachtanacha a chinneadh. | 4. Maidir le BPC a roghnaíodh lena thréithe riachtanacha a sheiceáil, más rud é go ndearnadh a thréithe riachtanacha a sheiceáil cheana féin nó go bhfuiltear á dhéanamh sin faoi láthair de bhun an Teidil seo, nó go bhfuiltear ag déanamh a thréithe riachtanacha a chinneadh nó a sheiceáil arna déanamh sin ag meastóir neamhspleách, de mheon macánta, i gcomhthéacs comhthiomsaithe paitinní, ní dhéanfar aon tseiceáil bhreise ar a thréithe riachtanacha má fhíoraítear na critéir dá bhforáiltear in Airteagal 29 (4a). Úsáidfear an toradh ón tseiceáil nó ón gcinneadh ar thréithe riachtanacha roimhe sin chun céatadán na samplaí in aghaidh an tsealbhóra BPC agus in aghaidh an chaighdeáin chláraithe shonraigh a bhí rathúil sa tseiceáil ar thréithe riachtanacha a chinneadh. |

**Leasú 106**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 29 – mír 4 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***4 a. Tarchuirfidh comhthiomsuithe paitinní chuig an lárionad inniúlachta an fhaisnéis ar fad faoi mhodheolaíocht na seiceála ar thréithe riachtanacha agus faoi na critéir a úsáidtear chun na meastóirí a roghnú.*** |

**Leasú 107**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 31 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Féadfaidh an meastóir iarraidh ar an sealbhóir BPC lena mbaineann barúlacha a chomhdú, laistigh de thréimhse a shocróidh an meastóir. | 2. Féadfaidh an meastóir cuireadh a thabhairt don sealbhóir BPC nó don fhorfheidhmeoir lena mbaineann barúlacha a chomhdú, laistigh de thréimhse a bheidh le socrú ag an meastóir. |

**Leasú 108**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 32 – mír 6**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 6. Tabharfaidh an lárionad inniúlachta fógra don sealbhóir BPC faoin tuairim réasúnaithe chríochnaitheach. | 6. Tabharfaidh an lárionad inniúlachta fógra faoin tuairim réasúnaithe chríochnaitheach do shealbhóir BPC agus do gach páirtí eile a chuir barúlacha nó fianaise ar fáil. |

**Leasú 109**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 33 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Déanfaidh an lárionad inniúlachta toradh na seiceála ar thréithe riachtanacha nó an mheasúnaithe piaraí a chur isteach sa chlár agus an tuairim réasúnaithe agus an tuairim réasúnaithe chríochnaitheach a chur isteach sa bhunachar sonraí. Beidh toradh na seiceála ar an tréith fhíor-riachtanach faoin Rialachán seo bailí le haghaidh gach SEP ón bhfine chéanna paitinní. | 1. Déanfaidh an lárionad inniúlachta toradh na seiceála ar thréithe riachtanacha nó an mheasúnaithe piaraí a chur isteach sa chlár agus an tuairim réasúnaithe agus an tuairim réasúnaithe chríochnaitheach a chur isteach sa bhunachar sonraí. Beidh toradh na seiceála ar an tréith fhíor-riachtanach faoin Rialachán seo bailí le haghaidh gach SEP ábhartha ón bhfine chéanna paitinní. |

**Leasú 110**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 34 – mír 1 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Cinneadh FRAND i leith caighdeáin agus cur chun feidhme ar cruthaíodh iontráil sa chlár ina leith, déanfaidh aon duine de na daoine seo a leanas é a thionscnamh: | 1. Déanfaidh aon duine de na daoine seo a leanas cinneadh FRAND maidir le haon chaighdeáin agus cur chun feidhme ar cruthaíodh iontráil sa chlár ina leith a thionscnamh: |

**Leasú 111**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 34 – mír 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. Tá an oibleagáid maidir le cinneadh FRAND a thionscnamh de bhun mhír 1 roimh na himeachtaí cúirte gan dochar don fhéidearthacht atá ag ceachtar páirtí a iarraidh ar chúirt inniúil de chuid Ballstáit urghaire shealadach de chineál airgeadais a eisiúint in aghaidh an tsáraitheora líomhnaithe, go dtí go ndéanfar cinneadh FRAND. Eisiafar leis an urghaire shealadach go ndéanfar maoin an tsáraitheora líomhnaithe a urghabháil nó go ndéanfar na táirgí a bhfuil amhras ann go sáraítear BPC leo a urghabháil nó a choigistiú. I gcás ina bhforáiltear sa dlí náisiúnta nach féidir urghaire shealadach de chineál airgeadais a iarraidh ach amháin i gcás ina mbíonn cás ar feitheamh ar na tuillteanais, féadfaidh ceachtar páirtí cás ar na tuillteanais a thabhairt os comhair cúirt inniúil Ballstáit chun na críche sin. Iarrfaidh na páirtithe ar chúirt inniúil Ballstáit na himeachtaí ar na tuillteanais a chur ar fionraí áfach fad a bheidh cinneadh FRAND ar siúl. Agus cinneadh á dhéanamh aici cé acu ba cheart nó nár cheart an urghaire shealadach a dheonú, measfaidh cúirt inniúil Ballstáit go mbeidh nós imeachta um chinneadh FRAND ar siúl. | 4. Tá an oibleagáid maidir le cinneadh FRAND a thionscnamh de bhun mhír 1 roimh na himeachtaí cúirte gan dochar don fhéidearthacht atá ag ceachtar páirtí a iarraidh ar chúirt inniúil de chuid Ballstáit urghaire shealadach a eisiúint in aghaidh an tsáraitheora líomhnaithe, go dtí go ndéanfar cinneadh FRAND. I gcás ina bhforáiltear sa dlí náisiúnta nach féidir urghaire shealadach de chineál airgeadais a iarraidh ach amháin i gcás ina mbíonn cás ar feitheamh ar na tuillteanais, féadfaidh ceachtar páirtí cás ar na tuillteanais a thabhairt os comhair cúirt inniúil Ballstáit chun na críche sin. Iarrfaidh na páirtithe ar chúirt inniúil Ballstáit na himeachtaí ar na tuillteanais a chur ar fionraí áfach fad a bheidh cinneadh FRAND ar siúl. Agus cinneadh á dhéanamh aici cé acu ba cheart nó nár cheart an urghaire shealadach a dheonú, measfaidh cúirt inniúil Ballstáit go mbeidh nós imeachta um chinneadh FRAND ar siúl. |

**Leasú 112**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 37 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Mura gcomhaontaíonn na páirtithe a mhalairt, maidir leis an tréimhse ón dáta a thíolacfar an iarraidh chun leanúint leis an gcinntiúchán FRAND i gcomhréir le hAirteagal 38(5)(b) nó le hAirteagal 38(3)(c) nó le hAirteagal 38(4)(a), an dara habairt, nó le hAirteagal 38(4)(c), de réir mar is infheidhme, go dtí dáta foirceanta an nós imeachta, ní mhairfidh an tréimhse sin níos faide ná 9 mí. | 1. Mura gcomhaontaíonn na páirtithe a mhalairt, maidir leis an tréimhse ón dáta a thíolacfar an iarraidh chun leanúint leis an gcinntiúchán FRAND i gcomhréir le hAirteagal 38(3)(b) nó le hAirteagal 38(3)(c) nó le hAirteagal 38(4)(a), an dara habairt, nó le hAirteagal 38(4)(c), de réir mar is infheidhme, go dtí dáta foirceanta an nós imeachta, ní mhairfidh an tréimhse sin níos faide ná 9 mí. |

**Leasú 113**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 38 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Tabharfaidh an páirtí is freagróir fógra don ionad inniúlachta laistigh de 15 lá ón bhfógra a fháil faoin iarraidh ar chinntiúchán FRAND ón lárionad inniúlachta i gcomhréir le mír (1). Léireofar sa fhreagra cé acu a chomhaontaíonn nó nach gcomhaontaíonn an páirtí is freagróir le cinneadh FRAND agus cé acu a gheallann nó nach ngeallann sé go gcomhlíonfaidh sé an toradh. | 2. Tabharfaidh an páirtí is freagróir fógra don ionad inniúlachta laistigh de 15 lá ón bhfógra a fháil faoin iarraidh ar chinntiúchán FRAND ón lárionad inniúlachta i gcomhréir le mír (1). Cuirfear in iúl sa fhreagra an aontaíonn an páirtí is freagróir le cinneadh FRAND agus, i gcás easaontais, cuirfear san áireamh inti na cúiseanna gur dhiúltaigh sé a bheith rannpháirteach. |

**Leasú 114**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 38 – mír 3 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. I gcás nach dtugann an páirtí is freagróir freagra laistigh den teorainn ama a leagtar síos i mír (2) nó ina gcuireann sé an lárionad inniúlachta ar an eolas faoina | 3. I gcás nach dtugann an páirtí is freagróir freagra laistigh den teorainn ama a leagtar síos i mír (2) nó ina gcuireann sé an lárionad inniúlachta ar an eolas faoina |

| | |
|---|---|
| chinneadh gan bheith rannpháirteach i gcinneadh FRAND, nó gan gealltanas a thabhairt  go gcomhlíonfaidh sé an toradh, beidh feidhm ag an méid seo a leanas: | chinneadh gan bheith rannpháirteach i gcinneadh FRAND, beidh feidhm ag an méid seo a leanas: |

**Leasú 115**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 38 – mír 3 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) tabharfaidh an lárionad inniúlachta fógra don pháirtí iarrthach faoi sin agus iarrfaidh sé air a chur in iúl laistigh de 7 lá cé acu a iarrfaidh nó nach n-iarrfaidh sé go leanfar le cinneadh FRAND agus cé acu a gheallfaidh nó nach ngeallfaidh sé go gcomhlíonfaidh sé toradh chinneadh FRAND; | (a) tabharfaidh an lárionad inniúlachta fógra don pháirtí iarrthach faoi sin agus iarrfaidh sé air a chur in iúl laistigh de 7 lá cé acu a iarrfaidh nó nach n-iarrfaidh sé go leanfar le cinneadh FRAND; |

**Leasú 116**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 38 – mír 3 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) i gcás ina n-iarrfaidh an páirtí iarrthach go leanfar le cinneadh FRAND agus ina dtabharfaidh sé gealltanas i leith an toraidh, leanfar le cinneadh FRAND, ach ní bheidh feidhm ag Airteagal 34(1) maidir leis na himeachtaí cúirte don pháirtí iarrthach i ndáil leis an ábhar céanna. | (b) i gcás ina n-iarrann an páirtí iarrthach go leanfaí leis an gcinneadh FRAND, leanfar le cinneadh FRAND, ach ní bheidh feidhm ag Airteagal 34(1) maidir leis na himeachtaí cúirte don pháirtí iarrthach i ndáil leis an ábhar céanna; |

**Leasú 117**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 38 – mír 4 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. I gcás ina gcomhaontóidh an páirtí is freagróir le cinneadh FRAND agus ina | 4. I gcás ina gcomhaontaíonn an páirtí is freagróir le cinneadh FRAND de bhun mhír (2), beidh feidhm ag an méid seo a |

| | |
|---|---|
| ngeallfaidh sé go gcomhlíonfaidh sé an toradh de bhun mhír (2), lena n‑ áirítear i gcás ina mbraithfidh an gealltanas sin ar ghealltanas an pháirtí iarrthaigh maidir le toradh chinneadh FRAND a chomhlíonadh, beidh feidhm ag an méid seo a leanas: | leanas: |

**Leasú 118**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 38 – mír 4 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) tabharfaidh an lárionad inniúlachta fógra don pháirtí iarrthach faoi sin agus iarrfaidh sé go gcuirfear an lárionad inniúlachta ar an eolas laistigh de 7 lá maidir le cé acu a gheallfaidh nó nach ngeallfaidh sé go gcomhlíonfaidh sé toradh chinneadh FRAND freisin. I gcás ina nglacfaidh an páirtí iarrthach leis an ngealltanas, leanfar le cinneadh FRAND agus beidh an toradh ina cheangal ar an dá pháirtí; | (a) tabharfaidh an lárionad inniúlachta fógra faoi sin don pháirtí iarrthach. I gcás ina nglacfaidh an páirtí iarrthach leis an ngealltanas, leanfar le cinneadh FRAND agus beidh an toradh ina cheangal ar an dá pháirtí; |

**Leasú 119**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 38 – mír 4 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) i gcás nach dtabharfaidh an páirtí iarrthach freagra laistigh den teorainn ama dá dtagraítear i bhfomhír (a) nó ina gcuirfidh sé an lárionad inniúlachta ar an eolas faoina chinneadh gan gealltanas a thabhairt go gcomhlíonfaidh sé toradh chinneadh FRAND, tabharfaidh an lárionad inniúlachta fógra don pháirtí is freagróir agus iarrfaidh sé air a chur in iúl laistigh de 7 lá cé acu a iarrfaidh nó nach n-iarrfaidh sé go leanfar le cinneadh FRAND. | (b) i gcás nach dtugann an páirtí iarrthach freagra laistigh den teorainn ama dá dtagraítear i bhfomhír (a), tabharfaidh an lárionad inniúlachta fógra don pháirtí is freagróir agus iarrfaidh sé air a chur in iúl laistigh de sheacht lá cibé acu a iarrann sé nó nach n-iarrann sé go leanfar le cinneadh FRAND. |

**Leasú 120**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 38 – mír 4 – pointe c**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) i gcás ina n-iarrfaidh an páirtí is freagróir go leanfar le cinneadh FRAND, leanfar le cinneadh FRAND, ach ní bheidh feidhm ag Airteagal 34(1) maidir leis na himeachtaí cúirte don pháirtí is freagróir i ndáil leis an ábhar céanna; | (c) i gcás ina n-iarrann an páirtí is freagróir, laistigh den teorainn ama dá dtagraítear i bhfomhír (b), go leanfar leis an gcinneadh FRAND, leanfaidh cinneadh FRAND ar aghaidh, ach ní bheidh feidhm ag Airteagal 34(1) maidir leis na himeachtaí cúirte don pháirtí is freagróir i ndáil leis an ábhar céanna; |

**Leasú 121**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 38 – mír 4 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***4 a. Féadfaidh gach páirtí, tráth ar bith le linn phróiseas cinnteoireachta FRAND, a dhearbhú go bhfuil sé tiomanta a thoradh a chomhlíonadh. Féadfaidh an páirtí dearbhaithe a ghealltanas a thabhairt comhlíonadh a dhéanamh faoi réir ghealltanas an pháirtí eile don toradh. Ní chuirfidh sé sin deireadh leis an bpróiseas cinnteoireachta FRAND.*** |

**Leasú 122**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 38 – mír 5**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 5. I gcás ina ngeallann ceachtar páirtí fhorthoradh an chinntiúcháin FRAND a chomhlíonadh, agus go mainníonn an páirtí eile amhlaidh a dhéanamh laistigh de na teorainneacha ama is infheidhme, glacfaidh | 5. I gcás ina ngeallann ceachtar páirtí toradh chinneadh FRAND a chomhlíonadh, cé go ndiúltaíonn an páirtí eile déanamh amhlaidh, glacfaidh an lárionad inniúlachta fógra gealltanais maidir le cinneadh |

an t-ionad inniúlachta fógra um ghealltanas don chinntiúchán FRAND agus tabharfaidh sé fógra do na páirtithe laistigh de 5 lá ó dhul in éag na teorann ama chun an gealltanas a thabhairt. Áireofar san fhógra gealltanais ainmneacha na bpáirtithe, ábhar chinneadh FRAND, achoimre ar an nós imeachta agus faisnéis maidir leis an ngealltanas a soláthraíodh nó faoin bhfíoras nár soláthraíodh gealltanas le haghaidh gach páirtí.

FRAND agus tabharfaidh sé fógra do na páirtithe laistigh de 5 lá ó dhul in éag na teorann ama chun an gealltanas a sholáthar. Áireofar san fhógra gealltanais ainmneacha na bpáirtithe, ábhar chinneadh FRAND, achoimre ar an nós imeachta agus faisnéis maidir leis an ngealltanas a soláthraíodh nó faoin bhfíoras nár soláthraíodh gealltanas le haghaidh gach páirtí.

**Leasú 123**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 38 – mír 6**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 6. Bainfidh cinneadh FRAND le ceadúnas BPC domhanda, mura sonróidh na Páirtithe a mhalairt i gcás ina gcomhaontóidh an dá pháirtí le cinneadh FRAND nó mura sonróidh an páirtí a iarrfaidh go leanfar le cinneadh FRAND a mhalairt. ***FBManna*** atá ina bpáirtithe i gcinneadh FRAND, féadfaidh siad a iarraidh go ndéanfaí raon feidhme críochach chinneadh FRAND a theorannú. | 6. Bainfidh cinneadh FRAND le ceadúnas domhanda SEP, mura sonraíonn na páirtithe a mhalairt i gcás ina gcomhaontaíonn an dá pháirtí leis an gcinneadh FRAND nó leis an bpáirtí a d’iarr go leanfaí leis an gcinneadh FRAND, mar a leagtar amach i mír (3). Féadfaidh FBManna agus gnólachtaí nuathionscanta atá ina bpáirtithe i gcinneadh FRAND a iarraidh raon feidhme críochach chinneadh FRAND a theorannú. |

**Leasú 124**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 39 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Tar éis freagra a fháil ar an gcinntiúchán FRAND ón bpáirtí is freagróir i gcomhréir le hAirteagal 38(2), nó tar éis na hiarrata leanúint ar aghaidh i gcomhréir le hAirteagal 38(5), molfaidh an lárionad inniúlachta 3 iarrthóir ar a laghad don chinntiúchán FRAND ón uainchlár comhréiteoirí dá dtagraítear in Airteagal 27(2). Roghnóidh na páirtithe nó an páirtí | 1. Tar éis freagra a fháil ar an gcinneadh FRAND ón bpáirtí is freagróir i gcomhréir le hAirteagal 38(2), nó tar éis na hiarrata leanúint ar aghaidh i gcomhréir le hAirteagal 38(4), pointe (c), molfaidh an lárionad inniúlachta 3 iarrthóir ar a laghad don chinnteoireacht FRAND ón uainchlár comhréiteoirí dá dtagraítear in Airteagal 27(2). Roghnóidh na páirtithe nó an páirtí |

duine de na hiarrthóirí molta mar chomhréiteoir don chinneadh FRAND.

duine de na hiarrthóirí molta mar chomhréiteoir don chinneadh FRAND.

**Leasú 125**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 42 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Cuirfidh sé an t-iompar chomh maith leis an sceideal nós imeachta in iúl do na páirtithe nó don pháirtí a iarrfaidh go leanfar le cinneadh FRAND. | 2. Cuirfidh sé/sí an t-iompar agus an sceideal nós imeachta in iúl do na páirtithe nó don pháirtí a iarrann go leanfar leis an gcinneadh FRAND, mar a leagtar amach in Airteagal 38(3). |

**Leasú 126**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 44 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Féadfaidh páirtí agóid a chur isteach ina luaitear nach bhfuil an comhréiteoir in ann cinneadh FRAND a dhéanamh ar fhorais dhlíthiúla, amhail cinneadh ceangailteach FRAND roimhe sin nó comhaontú roimhe sin idir na páirtithe, tráth nach déanaí ná sa chéad aighneacht i scríbhinn. Tabharfar deis don pháirtí eile a bharúlacha a chur isteach. | 1. Féadfaidh páirtí agóid a chur isteach ***tráth ar bith*** ina luaitear nach bhfuil an comhréiteoir in ann cinneadh FRAND a dhéanamh ar fhorais dhlíthiúla, amhail cinneadh ceangailteach FRAND roimhe sin nó comhaontú roimhe sin idir na páirtithe. Tabharfar deis don pháirtí eile a bharúlacha a chur isteach. |

**Leasú 127**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 45 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Féadfaidh an comhréiteoir iarraidh ar na páirtithe nó ar an bpáirtí a iarrfaidh go leanfaí le cinneadh FRAND bualadh leis nó féadfaidh siad cumarsáid a dhéanamh leis ó bhéal nó i scríbhinn. | 2. Féadfaidh an comhréiteoir cuireadh a thabhairt do na páirtithe nó don pháirtí a iarrann leanúint den chinneadh FRAND, mar a leagtar amach in Airteagal 38 (3), bualadh leis nó léi nó cumarsáid a dhéanamh leis/léi ó bhéal nó i scríbhinn. |

**Leasú 128**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 45 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Na páirtithe nó an páirtí a iarrfaidh go leanfaí le cinneadh FRAND, rachaidh siad i gcomhar leis an gcomhréiteoir de mheon macánta agus, go háirithe, freastalóidh siad ar na cruinnithe, comhlíonfaidh siad a iarratais maidir leis na doiciméid, an fhaisnéis agus na míniúcháin ábhartha uile a chur isteach, chomh maith leis na modhanna atá ar fáil dóibh a úsáid chun é a chur ar a chumas don chomhréiteoir éisteacht le finnéithe agus saineolaithe a d'fhéadfadh an comhréiteoir a ghlaoch. | 3. Comhoibreoidh na páirtithe nó an páirtí a iarrann leanúint den chinneadh FRAND, mar a leagtar amach in Airteagal 38 (3), de mheon macánta leis an gcomhréiteoir agus, go háirithe, freastalóidh siad ar na cruinnithe, comhlíonfaidh siad a iarrataí/a hiarrataí ar gach doiciméad, faisnéis agus míniú ábhartha a chur isteach chomh maith leis na modhanna atá ar fáil dóibh a úsáid chun a chumasú don chomhréiteoir éisteacht le finnéithe agus saineolaithe a bhféadfadh an comhréiteoir glaoch orthu. |

**Leasú 129**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 45 – mír 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. Féadfaidh an páirtí is freagróir páirt a ghlacadh i gcinneadh FRAND tráth ar bith sula ndéantar é a fhoirceannadh. | 4. An páirtí is freagróir, ar theip air freagra a thabhairt laistigh den teorainn ama a leagtar síos in Airteagal 38 (2), féadfaidh sé páirt a ghlacadh sa chinneadh FRAND tráth ar bith sula bhfoirceannfar é. |

**Leasú 130**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 45 – mír 5**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 5. Ag aon chéim den nós imeachta arna iarraidh sin ag an dá pháirtí, nó ag an bpáirtí a iarrfaidh go leanfaí le cinneadh FRAND, de réir mar is infheidhme, déanfaidh an comhréiteoir cinneadh | 5. Ag aon chéim den nós imeachta arna iarraidh sin ag an dá pháirtí, nó ag an bpáirtí a iarrann go leanfar den chinneadh FRAND, mar a leagtar amach in Airteagal 38 (3) agus de réir mar is infheidhme, |

| | |
|---|---|
| FRAND a fhoirceannadh. | déanfaidh an comhréiteoir cinneadh FRAND a fhoirceannadh. |

**Leasú 131**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 46 – mír 1 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(b) má tharraingíonn sé siar a ghealltanas toradh chinneadh FRAND a chomhlíonadh mar a leagtar amach in Airteagal 38, nó*** | ***scriosta*** |

**Leasú 132**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 46 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Maidir leis an bpáirtí a iarrfaidh go leanfaí le cinneadh FRAND, mura gcomhlíonfaidh sé aon iarraidh ón gcomhréiteoir nó mura gcomhlíonfaidh sé ceanglas a bhaineann le cinneadh FRAND ar aon bhealach eile, déanfaidh an comhréiteoir an nós imeachta a fhoirceannadh. | 3. Má mhainníonn an páirtí a iarrann leanúint den chinneadh FRAND, mar a leagtar amach in Airteagal 38 (3), aon iarraidh ón gcomhréiteoir a chomhlíonadh nó mura gcomhlíonann sé ceanglas a bhaineann le cinneadh FRAND ar aon bhealach eile, déanfaidh an comhréiteoir an nós imeachta a fhoirceannadh. |

**Leasú 133**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 47 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. I gcás ina bhfuiltear tar éis imeacht comhthreomhar a thionscnamh roimh an gcinntiúchán FRAND nó lena linn, déanfaidh an comhréiteoir, nó i gcás nár ceapadh é/í, an lárionad inniúlachta, an cinneadh FRAND a fhoirceannadh arna iarraidh sin d'aon pháirtí eile. | 2. I gcás inar thionscain páirtí imeacht comhthreomhar roimh chinneadh FRAND nó lena linn, ní dhéanfaidh an comhréiteoir, nó i gcás nár ceapadh é nó í, an lárionad inniúlachta, cinneadh FRAND a fhoirceannadh arna iarraidh sin d'aon pháirtí, ach amháin má thugann an páirtí a d'iarr bunú choinníollacha FRAND a |

| | |
|---|---|
| | thoiliú. |

**Leasú 134**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 48 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Féadfaidh an comhréiteoir scrúdú a dhéanamh ar fhaisnéis atá ar fáil go poiblí agus ar chlár an lárionaid inniúlachta agus ar thuarascálacha rúnda agus neamhrúnda ar chinntí eile FRAND, chomh maith le doiciméid agus faisnéis neamhrúnda arna soláthar ag an lárionad inniúlachta nó arna cur faoina bhráid. | 2. Féadfaidh an comhréiteoir scrúdú a dhéanamh ar fhaisnéis atá ar fáil go poiblí agus ar chlár an lárionaid inniúlachta agus ar thuarascálacha rúnda agus neamhrúnda ar chinntí FRAND eile, ar rátaí ríchíosa comhiomlána arna gcur isteach de bhun Airteagal 15, ar thuairimí neamhcheangailteacha saineolaithe maidir le rátaí ríchíosa comhiomlána arna mbunú de bhun Airteagal 18 chomh maith le doiciméid neamhrúnda agus faisnéis arna gcur ar fáil ag an lárionad inniúlachta nó arna gcur faoi bhráid an lárionaid inniúlachta. |

**Leasú 135**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 55 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Féadfaidh ceachtar páirtí barúlacha maidir leis an togra a chur isteach agus leasuithe ar an togra a mholadh don chomhréiteoir, a fhéadfaidh an togra a athfhoirmliú chun na barúlacha arna gcur isteach ag na páirtithe a chur san áireamh agus déanfaidh sé na páirtithe nó an páirtí a iarrfaidh go leanfaí le cinneadh FRAND a chur ar an eolas, de réir mar is infheidhme, maidir leis an athfhoirmliú sin. | 2. Féadfaidh ceachtar páirtí barúlacha maidir leis an togra a chur isteach agus leasuithe ar an togra a mholadh ón gcomhréiteoir, a fhéadfaidh a thogra a athfhoirmliú chun na barúlacha a chuir na páirtithe isteach a chur san áireamh agus cuirfidh sé na páirtithe nó an páirtí a iarrann go leanfar leis an gcinneadh FRAND, mar a leagtar amach in Airteagal 38 agus de réir mar is infheidhme, ar an eolas faoin athfhoirmliú sin. |

**Leasú 136**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 56 – mír 1 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Chomh maith le foirceannadh an chinnidh FRAND ar chúiseanna dá bhforáiltear in Airteagal 38(4), Airteagal 44(3), Airteagal 45(5), Airteagal 46(2), pointe (b), Airteagal 46(3) agus Airteagal 47(2), déanfar an cinneadh FRAND a fhoirceannadh ar aon cheann de na bealaí seo a leanas: | 1. Chomh maith le foirceannadh an chinnidh FRAND ar chúiseanna dá bhforáiltear in Airteagal ***38(3), pointe (c), 38(4), pointe (d)***, Airteagal 44(3), Airteagal 45(5), Airteagal 46(2), pointe (b), Airteagal 46(3) agus Airteagal 47(2), déanfar an cinneadh FRAND a fhoirceannadh ar aon cheann de na bealaí seo a leanas: |

**Leasú 137**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 56 – mír 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. Cúirt inniúil de chuid Ballstáit, ar iarradh uirthi cinneadh a dhéanamh maidir le téarmaí agus coinníollacha FRAND a chinneadh, lena n-áirítear i gcásanna mí-úsáide ceannasachta i measc páirtithe príobháideacha, nó éileamh maidir le sárú ar BPC a bhaineann le BPC atá i bhfeidhm i mBallstát amháin nó níos mó atá faoi réir chinneadh FRAND, ní rachaidh sí ar aghaidh le scrúdú a dhéanamh ar thuillteanais an éilimh sin, mura rud é go seirbheáiltear fógra foirceanta faoi chinneadh FRAND uirthi, nó, sna cásanna dá ndéantar foráil in Airteagal 38(3)(b) agus Airteagal 38(4)(c), fógra gealltanais de bhun Airteagal 38(5). | 4. Cúirt inniúil de chuid Ballstáit, ar iarradh uirthi cinneadh a dhéanamh maidir le téarmaí agus coinníollacha FRAND a chinneadh, lena n-áirítear i gcásanna mí-úsáide ceannasachta i measc páirtithe príobháideacha, nó éileamh maidir le sárú ar BPC a bhaineann le BPC atá i bhfeidhm i mBallstát amháin nó níos mó atá faoi réir chinneadh FRAND, ní rachaidh sí ar aghaidh le scrúdú a dhéanamh ar thuillteanais an éilimh sin, mura rud é go seirbheáiltear fógra foirceanta faoi chinneadh FRAND uirthi. |

**Leasú 138**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 60 – mír 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***1 a. Críochnóidh an tréimhse a*** |

| | |
|---|---|
| | ***shonraítear i laethanta ar an lá deiridh, críochnóidh tréimhse a shonraítear i seachtainí ag deireadh an lae sa tseachtain dheireanach, críochnóidh tréimhse a shonraítear i míonna ar dhul in éag don lá a fhreagraíonn do lá tosaigh na tréimhse, agus mura raibh aon lá den sórt sin sa mhí dheireanach — ansin ar an lá deireanach den mhí sin, críochnóidh tréimhse a shonraítear i mblianta ar dhul in éag don lá a fhreagraíonn don lá tosaigh de thréimhse áirithe, agus mura raibh aon lá den sórt sin ann, is é an lá deiridh den mhí sin an dáta deiridh.*** |

**Leasú 139**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 61 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Soláthróidh an lárionad inniúlachta oiliúint agus tacaíocht saor in aisce do mhicrifhiontair agus d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide maidir le hábhair a bhaineann le BPCanna. | 1. Tairgfidh an t-ionad inniúlachta oiliúint agus tacaíocht maidir le hábhair a bhaineann le BPCanna do mhicrifhiontair, d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide agus do ghnólachtaí nuathionscanta saor in aisce, go háirithe chun treoir agus comhairle phraiticiúil a chur ar fáil, cibé acu an sealbhóir BPCanna nó feidhmeoirí iad. ***Déanfaidh an lárionad inniúlachta, ar bhonn rialta, ionchur a lorg go réamhghníomhach ó mhicrifhiontair, ó fhiontair bheaga agus mheánmhéide agus ó ghnólachtaí nuathionscanta maidir leis an oiliúint agus an tacaíocht is mó a bheadh ina chabhair.*** |

**Leasú 140**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 61 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Féadfaidh an lárionad inniúlachta | 2. Féadfaidh an lárionad inniúlachta |

| | |
|---|---|
| staidéir a choimisiúnú, má mheasann sé gur gá sin, chun cúnamh a thabhairt do mhicrifhiontair agus d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide maidir le hábhair a bhaineann le BPCanna. | staidéir a choimisiúnú, má mheasann sé gur gá sin, chun cúnamh a thabhairt do mhicrifhiontair agus d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide agus d'fhiontair nua-thionscanta maidir le hábhair a bhaineann le BPCanna. ***D'fhéadfaí a áireamh sna staidéir sin ceangal a chur ar shealbhóirí BPCanna agus ar feidhmeoirí faisnéis a sholáthar maidir le ceadúnais a dhéantar, ríchíosanna a íocadh nó a bailíodh, agus táirgí a dhíoltar le haghaidh iarratais IoT, agus féadfaidh an lárionad inniúlachta meastacháin ar chostais cheadúnúcháin a sholáthar do mhicrifhiontair, d'fhiontair bheaga agus d'fhiontair mheánmhéide le haghaidh na n-iarratas sin.*** |

**Leasú 141**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 61 – mír 3 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***3 a. Ní bheidh feidhm ag an Airteagal seo maidir le heintitis dearbhaithe paitinní beag beann ar a stádas mar mhicrifhiontair, mar fhiontar beag nó mar fhiontar meánmhéide.*** |

**Leasú 142**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 61 – mír 3 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***3 b. Áiritheoidh EUIPO go ndéanfar an fheidhm sin a chistiú go leordhóthanach agus acmhainní leordhóthanacha a chur ar fáil dó.*** |

**Leasú 143**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 62 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Agus ceadúnas BPC á chaibidliú le micrifhiontair agus fiontair bheaga agus mheánmhéide, cuimhneoidh sealbhóirí BPC ar théarmaí agus coinníollacha FRAND a thairiscint dóibh a bheidh níos fabhraí ná na téarmaí agus coinníollacha FRAND a thairgeann siad d'fhiontair nach micrifhiontair ná fiontair bheaga ná mheánmhéide iad le haghaidh an chaighdeáin agus na gcur chun feidhme céanna. | 1. Agus ceadúnas SEP á chaibidliú acu le micrifhiontair, fiontair bheaga agus fiontair mheánmhéide, tairgfidh sealbhóirí BPC dóibh téarmaí agus coinníollacha FRAND atá níos fabhraí ná téarmaí agus coinníollacha FRAND a thairgeann siad d'fhiontair nach micrifhiontair, fiontair bheaga agus mheánmhéide iad le haghaidh an chaighdeáin agus na gcur chun feidhme céanna. |

**Leasú 144**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 62 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Breithneoidh sealbhóirí BPC lascainí nó ceadúnú saor ó ríchíosanna freisin le haghaidh méideanna díolacháin ísle, gan beann ar mhéid an fheidhmeora a ghlacfaidh an ceadúnas. Beidh na lascainí sin nó an ceadúnú saor ó ríchíosanna cóir, réasúnta agus neamh-idirdhealaitheach agus beidh siad ar fáil sa bhunachar sonraí leictreonach de réir mar a leagtar amach in Airteagal 5(2), pointe (b). | 3. Déanfaidh sealbhóirí BPC lascainí a bhreithniú freisin, íocaíochtaí a scaipeadh i dtráthchodanna saor ó ús nó ceadúnú saor ó ríchíosanna le haghaidh méideanna ísle díolacháin beag beann ar mhéid an fheidhmeora a ghlacann an ceadúnas. Beidh na lascainí sin nó an ceadúnú saor ó ríchíosanna cóir, réasúnta agus neamh-idirdhealaitheach agus beidh siad ar fáil sa bhunachar sonraí leictreonach de réir mar a leagtar amach in Airteagal 5(2), pointe (b). |

**Leasú 145**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 62 – mír 3 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***3 a. Féadfar aon sochair a dheonaítear do mhicrifhiontair, d'fhiontair bheaga agus d'fhiontair mheánmhéide faoin Rialachán seo a choinneáil siar nó a tharraingt siar i gcás imchéimniú nó mí-úsáid.*** |

**Leasú 146**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 63 – mír 3 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) na táillí dá dtagraítear i mír (2), pointe (b) go cothrom ag na páirtithe a ghlac páirt i nós imeachta na tuairime saineolaí maidir le ríchíos comhiomlán, mura gcomhaontóidh siad a mhalairt, nó má mholann an painéal cionroinnt eile bunaithe ar mhéid na bpáirtithe arna chinneadh ar bhonn a láimhdeachais; | (b) na táillí dá dtagraítear i mír (2), pointe (b) go cothrom ag na páirtithe a ghlac páirt i nós imeachta na tuairime saineolaí maidir le ríchíos comhiomlán, mura gcomhaontóidh siad a mhalairt, nó má mholann an painéal cionroinnt eile bunaithe ar mhéid na bpáirtithe arna chinneadh ar leibhéal rannpháirtíocht na bpáirtithe sa chinnteoireacht maidir le ríchíosanna comhiomlána agus ar a leas eacnamaíoch i dtoradh an nós imeachta; |

**Leasú 147**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 66**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***Airteagal 66*** | ***scriosta*** |
| ***Clárú a oscailt le haghaidh caighdeán atá ann cheana féin*** | |
| ***1. Faoin [IO: cuir isteach, le do thoil, an dáta = 28 mí tar éis theacht i bhfeidhm an rialacháin seo] sealbhóirí SEPanna atá fíor-riachtanach do chaighdeán a foilsíodh roimh theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo ('caighdeáin atá ann cheana'), ar tugadh gealltanais FRAND ina leith, féadfaidh siad fógra a thabhairt don lárionad inniúlachta de bhun Airteagail 14, 15 agus 17 maidir le haon cheann de na caighdeáin atá ann cheana nó maidir le codanna díobh a chinnfear sa ghníomh tarmligthe i gcomhréir le mír (4). Tá feidhm mutatis mutandis ag na ceanglais maidir le nósanna imeachta, fógraí agus foilseacháin a leagtar amach*** | |

***sa Rialachán seo.***

***2. Faoin [IO: cuir isteach, le do thoil, an dáta = 28 mí tar éis theacht i bhfeidhm an rialacháin seo] feidhmeoirí caighdeáin, caighdeán a foilsíodh roimh theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo, ar tugadh gealltanais FRAND ina leith, féadfaidh siad de bhun Airteagail 14(4) fógra a thabhairt don lárionad inniúlachta faoi aon cheann de na caighdeáin atá ann cheana nó faoi chodanna díobh a chinnfear sa ghníomh tarmligthe i gcomhréir le mír (4). Tá feidhm mutatis mutandis ag na ceanglais maidir le nósanna imeachta, fógraí agus foilseacháin a leagtar amach sa Rialachán seo.***

***3. Faoin [IO: cuir isteach an dáta = 30 mí tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo] féadfaidh sealbhóir SEP nó feidhmeoir tuairim shaineolach a iarraidh de bhun Airteagal 18 maidir le SEPanna atá fíor-riachtanach do chaighdeán atá ann cheana nó do chodanna de, a chinnfear sa ghníomh tarmligthe i gcomhréir le mír (4). Beidh feidhm mutatis mutandis ag na ceanglais agus ag na nósanna imeachta a leagtar amach in Airteagal 18.***

***4. I gcás ina ndéantar oibriú an mhargaidh inmheánaigh a shaobhadh go mór de bharr neamhéifeachtúlachtaí i gceadúnú SEPanna, cinnfidh an Coimisiún, tar éis próiseas iomchuí comhairliúcháin, trí bhíthin gníomh tarmligthe de bhun Airteagal 67, cé acu de na caighdeáin atá ann cheana, de chodanna díobh nó de chásanna úsáide ábhartha ar féidir fógra a thabhairt ina leith i gcomhréir le mír (1) nó le mír (2), nó ar féidir tuairim shaineolach a iarraidh ina leith i gcomhréir le mír (3). Cinnfear leis an ngníomh tarmligthe freisin cé na ceanglais maidir le nósanna imeachta, fógraí agus foilseacháin, a leagtar amach sa Rialachán seo, a mbeidh feidhm acu maidir leis na caighdeáin sin atá ann cheana. Glacfar an gníomh***

***tarmligthe sin faoi ... [IO: cuir isteach an dáta = 18 mí tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo].***

***5. Beidh feidhm ag an Airteagal seo gan dochar d'aon ghníomhartha a cuireadh i gcrích agus d'aon chearta a fuarthas le [IO: cuir isteach an dáta = 28 mí tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo].***

**Leasú 148**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 67 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Déanfar an chumhacht gníomh tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagail 1(4), 4(5) agus 66(4) a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse neamhchinntithe ama amhail ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo. | 2. Déanfar an chumhacht gníomh tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 4(5) a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse neamhchinntithe ama amhail ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo. |

**Leasú 149**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 67 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagail 1(4), 4(5) agus 66(4) a chúlghairm aon tráth. Le cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh, cuirfear deireadh le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfar difear leis do bhailíocht aon ghníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana. | 3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 4(5) a chúlghairm aon tráth. Le cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh, cuirfear deireadh le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfar difear leis do bhailíocht aon ghníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana. |

**Leasú 150**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 67 – mír 6**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagail 1(4), 4(5) agus 66(4) i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa ná ag an gComhairle laistigh de thréimhse 2 mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú go ceann 2 mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle. | 6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 4(5) i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa ná ag an gComhairle laistigh de thréimhse 2 mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú go ceann 2 mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle. |

**Leasú 151**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 70 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Faoin [IO: cuir isteach an dáta = 5 bliana ó theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo]<br><br>déanfaidh an Coimisiún meastóireacht ar éifeachtacht agus éifeachtúlacht an chórais<br><br>um chlárú BPC agus um sheiceálacha ar thréithe riachtanacha | 1. Faoin [IO: Cuir isteach an dáta = ***3*** bhliain ó theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo] déanfaidh an Coimisiún meastóireacht ar an tionchar atá ag an gcóras seiceála ar thréithe riachtanacha, agus ag an gcóras cinnidh FRAND ar iomaíochas shealbhóirí BPCanna an Aontais ar leibhéal domhanda agus ar an nuálaíocht san Aontas. |

**Leasú 152**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 70 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Faoin [IO: cuir isteach an dáta = 8 | 2. Faoin [IO: cuir isteach an dáta = |

mbliana ó theacht i bhfeidhm an Rialacháin

seo], agus gach 5 bliana ina dhiaidh sin, déanfaidh an Coimisiún meastóireacht ar

chur chun feidhme an Rialacháin seo. Sa mheastóireacht déanfar measúnú ar oibriú an Rialacháin seo, go háirithe ar thionchar, éifeachtacht agus éifeachtúlacht an lárionaid inniúlachta agus a chuid modhanna oibre.

***5*** mbliana ó theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], agus gach 3 bliana ina dhiaidh sin, déanfaidh an Coimisiún meastóireacht ar chur chun feidhme an Rialacháin seo. Sa mheastóireacht déanfar measúnú ar oibriú an Rialacháin seo, go háirithe ar thionchar, éifeachtacht agus éifeachtúlacht an lárionaid inniúlachta agus a chuid modhanna oibre.

## ANNEX: ENTITIES OR PERSONS FROM WHOM THE RAPPORTEUR FOR THE OPINION HAS RECEIVED INPUT

The rapporteur has received input from the following entities or persons in the preparation of the opinion:

| Entity and/or person |
|---|
| ACEA (European Manufacturers' Association) |
| ACT (The App Association) |
| Airties |
| Amazon |
| Apple Inc. |
| Bayerische Motoren Werke AG |
| BURY Technologies |
| CEN-CENELEC |
| Cisco Systems Inc. |
| Continental AG |
| Copan Walter (former U.S. Undersecretary of Commerce for Standards and Technology) |
| Czech Automotive Industry Association |
| Czech Chamber of Commerce |
| Delrahim Makan (former U.S. Assistant Attorney General DOJ Antitrust) |
| Deutsche Telekom |
| DLA Piper |
| Dolby Laboratories |
| EARTO (European Association of Research and Technology Organisations) |
| EDPS (European Data Protection Supervisor) |
| Emporia |
| Ericsson |
| ESMIG (The European Smart Energy Solution Providers) |
| EPLAW (European Patent Lawyer Office) |
| European Patent Office |
| EVBox |
| Fairphone |
| Fair Standards Alliance |
| Forward Global |
| George Masson University – Professor Adam Mossof |
| German Association of the Automotive Industry (VDA) |
| Google |
| Harman International Industries |
| Honda Motor Co. Ltd |
| HP Inc. |
| Iancu Andrei (former Under Secretary of Commerce for Intellectual Property and Director of the USPTO) |
| Ingenico |
| Intel Corporation |
| IP Europe |
| Iskraemeco Group |

| |
|---|
| Itron Inc. |
| Juniper Networks Inc. |
| Kamstrup A/S |
| Kappos David J. (former Under Secretary of Commerce for Intellectual Property and Director of the USPTO) |
| Landis & Gyr AG |
| Lenovo |
| Lucid Circus |
| Maghame IP Consulting - Taraneh Maghamé |
| Marconi - Avanci Platform |
| Mazda Motor Corporation |
| Mercedes Benz |
| Microsoft Corporation |
| Nissan Motor Co., Ltd. |
| Nokia |
| Nordic Semiconductor |
| Orange |
| Parliament of the Czech Republic |
| Permanent Representation of Finland to the EU |
| Phillips Noah J. (former U.S. Commissioner on the Federal Trade Commission) |
| PIPLI (Public Interest Patent Law Institute U.S.) |
| Qualcomm |
| Renault Group |
| Sagemcom |
| Schaeffler AG |
| Schneider Electric |
| Sequans Communication |
| Siemens |
| Sky |
| University of Skövde, Software Systems Research Group - Professor Björn Lundell |
| European Commission – SEPs Expert Group:<br>- Barron Justus<br>- Geradin Damien<br>- Granata Sam<br>- Heiden Bowman<br>- Heinebrodt Martin<br>- Hoffman Fabian<br>- Kuźnicka-Cholewa Alksandra<br>- Maghame Taraneh<br>- Magnusson Monica<br>- Padilla Jorge<br>- Peter Ruud<br>- Schneider Matthias<br>- Toffaletti Sebastino |
| Stellantis N.V. |
| Suzuki Motor Corporation |
| Telit Communications SPA |
| Toyota |

| |
|---|
| u-blox AG |
| UCL Faculty of Laws - Sir Robin Jacob |
| Unified Patent Court of Appeal |
| Varney Christine A. (former U.S. Assistant Attorney General DOJ Antitrust) |
| Volkswagen AG |
| Volvo Group |
| 4iP Council |

The list above is drawn up under the exclusive responsibility of the rapporteur.

## NÓS IMEACHTA - COISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| | |
|---|---|
| **Teideal** | Bunphaitinní caighdeáin agus lena leasaítear Rialachán (AE)2017/1001 |
| **Tagairtí** | COM(2023)0232 – C9-0147/2023 – 2023/0133(COD) |
| **An Coiste Freagrach**<br>Dáta a fógraíodh sa seisiún iomlánach | JURI<br>15.6.2023 |
| **Tuairim ó**<br>Dáta a fógraíodh sa seisiún iomlánach | IMCO<br>15.6.2023 |
| **Rapóirtéir don tuairim**<br>Dáta an cheapacháin | Dita Charanzová<br>23.8.2023 |
| **Pléite sa choiste** | 25.10.2023 |
| **Dáta an ghlactha** | 4.12.2023 |
| **Toradh na vótála críochnaithí** | +: 18<br>–: 5<br>0: 5 |
| **Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Andrus Ansip, Pablo Arias Echeverría, Laura Ballarín Cereza, Biljana Borzan, Markus Buchheit, Dita Charanzová, Deirdre Clune, Sandro Gozi, Maria Grapini, Eugen Jurzyca, Maria-Manuel Leitão-Marques, Morten Løkkegaard, Antonius Manders, Anne-Sophie Pelletier, Miroslav Radačovský, René Repasi, Andreas Schwab, Róża Thun und Hohenstein, Tom Vandenkendelaere, Kim Van Sparrentak, Marion Walsmann |
| **Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Maria da Graça Carvalho, Malte Gallée, Karen Melchior, Marco Zullo |
| **Comhaltaí ionaid faoi Riail 209(7) a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Estrella Durá Ferrandis, Włodzimierz Karpiński, Ska Keller |

## VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| 18 | + |
|---|---|
| NI | Miroslav Radačovský |
| PPE | Pablo Arias Echeverría, Włodzimierz Karpiński, Marion Walsmann |
| Renew | Andrus Ansip, Dita Charanzová, Sandro Gozi, Morten Løkkegaard, Karen Melchior, Róża Thun und Hohenstein, Marco Zullo |
| S&D | Laura Ballarín Cereza, Biljana Borzan, Estrella Durá Ferrandis, Maria Grapini, Maria-Manuel Leitão-Marques, René Repasi |
| The Left | Anne-Sophie Pelletier |

| 5 | - |
|---|---|
| ECR | Eugen Jurzyca |
| PPE | Maria da Graça Carvalho, Deirdre Clune, Antonius Manders, Tom Vandenkendelaere |

| 5 | 0 |
|---|---|
| ID | Markus Buchheit |
| PPE | Andreas Schwab |
| Verts/ALE | Malte Gallée, Ska Keller, Kim Van Sparrentak |

Eochair do na siombailí a úsáidtear:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh